Tá freagairt don athrú aeráide i gcroílár ár bpleananna don bhliain 2024. In 2022 ghlac an Bord leis an gCreat Gníomhaíochta ar son na hAeráide don Earnáil Leathstáit Tráchtála (CSS) agus d'fhorhmeas sé na spriocanna gníomhaíochta aeráide agus an cur chuige cúig ghealltanais maidir le spriocanna a leagadh síos do 2030 a bhaint amach. I rith 2024 leanfaimid leis an obair atá déanta go dtí seo ag aithint na dtionchar féideartha a bheidh ag athrú aeráide ar bhallaí Thuaidh agus Theas an Chalafoirt agus na bearta maolaithe a theastaíonn. Tá gá le rannpháirtíocht leanúnach agus ghníomhach le páirtithe leasmhara eile chun féachaint ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar fhorbairtí agus ar phleanáil Calafóirt atá ar siúl agus amach anseo. I rith 2023 d'athraiomar ár mbáid phiolótacha go mbreosla Ola Glasraí Hidrea-chóireáilte (HVO). Cuireann na báid seo suas le 20% dá gcuid astuithe carbóin agus tá sé ar aon dul lenár dtiomantas i dtreo spriocanna Fuinnimh Earnáil Phoiblí na hÉireann, a thugann le fios nach mór don earnáil phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% roimh 2030.

Tá na forbairtí atá beartaithe i Máistirphlean 2040 ina dtiománaí riachtanach chun an toilleadh Calafóirt a sholáthar a theastaíonn chun fás eacnamaíoch a éascú sa todhchaí. Ní leor an bonneagar ann féin, áfach, agus beidh bearta ag teastáil chun cleachtais slabhra soláthair a athrú chun úsáid na hacmhainne atá á fhorbairt a mhéadú. Baineann sé seo go háirithe le hoibríochtaí ar thaobh na talún inar gá aghaidh a thabhairt ar dhá dhúshlán.

Ar an gcéad dul síos, ní mór gluaiseacht earraí ag HGV a bheith 24 / 7 i ndáiríre agus ní mór buaicphointí éilimh reatha a bheith leacaithe.

Ar an dara dul síos, tá achar talún Chalafort Bhaile Átha Cliath socraithe, agus dá tapúla a ghluaiseann lasta tríd an gCalafort, is ea is mó a thoilleadh. Maidir leis seo ní mór amanna cónaithe na leantóirí agus na gcoimeádán a laghdú go mór. Tiomáineann na breithnithe thuas an gá atá le digitíú agus anailís sonraí a úsáid mar chumasóir chun éifeachtúlacht oibríochtaí an Chalafoirt a mhéadú agus táimid fós tiomanta d'obair i ndlúthchomhar lenár gcustaiméirí ag an gCalafort chun é sin a bhaint amach.

Tá sláinte agus sábháilteacht gach duine a oibríonn nó a úsáideann Calafort Bhaile Átha Cliath mar thosaíocht iomlán i gcónaí. Is tionscnamh ar fud an Chalafoirt é Dublin SafePort a seoladh in 2022 chun cultúr agus cleachtas sábháilteachta a fheabhsú do gach oibrí i gCalafort Átha Cliath. Is é atá sa tionscnamh ná an comhoibriú idir Comhlacht Chalafort Átha Cliath, na Gardaí, FSS agus Custaim agus na Coimisinéirí Ioncaim agus na seacht nOibreoirí Teirminéil. Féachann an tionscnamh le cleachtais agus nósanna imeachta sábháilteachta a chaighdeánú ar fud eastát 260 heicteár na gcalafort. I rith na bliana sheolamar na Rialacha Órga SafePort, sraith 10 rialacha atá deartha chun cur ar chumas Bainistíocht na gCalafort agus na seacht nOibreoirí Críochfhoirt, dul i mbun teagmhála le fostaithe agus le cuairteoirí ar an mbealach is sábháilte agus is féidir ar láithreáin Chalafort Bhaile Átha Cliath agus cultúr iompair tús áite do shábháilteacht a chur chun cinn. Tá an foilseachán tar éis tabhairt isteach tionscnamh nua SafePort Átha Cliath' i mí Iúil 2022 agus tabhairt isteach teorainneacha luais 40km laistigh den Chalafort i mí Dheireadh Fómhair 2022. Táimid ag tnúth le leanúint lenár gcuid oibre le chéile mar fhoireann faoi SafePort Átha Cliath i 2024.

Barry O'Connell, Príomhfheidhmeannach
28 Márta 2024


28 **SafePort Átha Cliath**

Tá sláinte agus sábháilteacht gach duine a oibríonn nó a úsáideann Calafort Bhaile Átha Cliath mar thosaíocht iomlán i gcónaí. Is tionscnamh ar fud an Chalafoirt é SafePort Átha Cliath a seoladh in 2022 chun cultúr agus cleachtas sábháilteachta a fheabhsú do gach oibrí i gCalafort Átha Cliath.

I rith na bliana sheolamar na Rialacha Órga SafePort, sraith de 10 rialacha atá deartha chun cur ar chumas Bhainistíocht Calafóirt agus na seacht nOibreoirí Críochfoirt dul i mbun teagmhála le fostaithe agus cuairteoirí ar an mbealach is sábháilte agus is féidir ar láithreáin Chalafoirt Bhaile Átha Cliath agus cultúr tús áite do shábháilteacht a chur chun cinn.

Barry O'Connell

Príomhfheidhmeannach





Tuarascáil na Stiúrthóirí

Is ionann ráitis airgeadais na hÉireann agus aistriúchán, chun críocha eolais, ar na bunráitis airgeadais reachtúla ISA (Éire) a ullmháidh i mBéarla.

Cuireann na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil i láthair mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Comhlacht don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023.

Freagracht na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí na hÉireann.

Éilíonn dlí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fireannach agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais. Faoin dlí sin, tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na Stiúrthóirí de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus dlí na hÉireann*).

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas an Chomhlachta don bhliain airgeadais.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus na polasaithe sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmháidh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin a aithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a bheith nochta agus mínithe sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Comhlacht i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád, ar leor iad:

- idirbhearta an Chomhlachta a thaifeadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, agus brabús nó cailteanas an Chomhlachta a chinneadh le cruinneas réasúnach; agus
- chun a chur ar chumas na Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht an gComhlachtaí 2014 agus chun na ráitis airgeadais sin a chur ar fáil i gcomhair iniúchta.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus reachtaíocht i ndlísin eile.

Stádas Dílíthiúil

Is Comhlacht Ghníomhaíochta Ainmnithe í Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi theorainn scaireanna a bunaíodh faoi reacht de bhun an Achta Cuanta, 1996 agus atá corpraithe in Éirinn. Ar 3 Márta 1997 tháinig an Comhlacht i gcomharbas ar Bhord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath, an t-aonán reachtúil a bhí ann roimhe seo le freagracht as Calafort Átha Cliath. Ar an dáta sin ghlac Comhlacht Chalafort Átha Cliath seilbh ar fheidhmeanna agus ghnóthaigh sí sócmhainní agus dliteanais na heagraíochta a chuaigh roimhe ag luachálacha a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an am. I gcomaoin na sócmhainní agus na ndliteanas, d'eisigh an Comhlacht scairchaipiteal de €7.648m chuig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, rinneadh an Comhlacht mar údarás piolótaíochta do Chuan Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh freagracht as Earnáil an Calaoirt Tráchtála ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha chuig an Aire Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir 2006.

An 12 Iúil 2011 d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Comhlacht Chalafort Dhún Dealgan go Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi IR Uimh. 361 de 2011.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó Chomhlacht Chalafort Átha Cliath gluaiseacht earraí agus paisinéirí a éascú, agus sreafaí faisnéise freastalaithe tríd an gCalafort.

Soláthraíonn an Comhlacht an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus an áit chrua chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí maidir le haistriú éifeachtach earraí agus paisinéirí idir modhanna iompair ar talamh agus ar muir.

Gintear ioncam maidir le soláthar na n-áiseanna seo ó dhleachtanna árthaigh, dleachtanna earraí, cíos, agus príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tarraingt agus píolótaíocht.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta a ghlac na Stiúrthóirí chun comhlíonadh oibleagáid an Chomhlachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a chinntiú ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag oifig chláráithe an Chomhlachta, Lárionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

Athbheithniú Gnó

Tá mionsonraí faoi bhrabús na bliana, mar aon le suimeanna comparáideacha le haghaidh 2022, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus sna nótaí gaolmhara. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais an ghnóthais leagtha amach thíos agus san Athbheithniú ón bPríomhfheidhmeannach.

Bhí an tréchar 3.1% níos ísle ag 35.6 milliún tona ná mar a bhí i 2022 (2022: 36.8 milliún tonna). Tháinig laghdú 4.1% ar allmhairí i rith na bliana go dtí 13.9 milliún tona (2022: 14.5 milliún tona), agus tháinig laghdú 2.4% ar onnmhairí go dtí 21.7 milliún tona (2022: 22.2 milliún tonna).

Bhí sé seo níos ísle ná an tréchar buiséadaithe de 37.7 milliún tonna.

B'ionann láimhdeachas na bliana agus €101.4m, laghdú beag ar an mbliain roimhe sin (2022: €101.5m).

Tháinig méadú €5.5m (9.6%) ar Chostais Oibriúcháin Iomlána ag €62.8m in 2023 sa bhliain 2022 (2022: €57.3m). Mhéadaigh costais phárolla (gan pinsin san áireamh) faoi €1.7m (12.3%) go €15.1m (2022: €13.4m). Tháinig méadú €3.8m (8.7%) ar chostais neamhphá eile go €47.7m (2022: €43.9m) go príomha mar gheall ar dhímheas agus amúchadh níos airde (€2.2m), costais mhéadaithe deisiúcháin agus chothabhála (€1.3m) agus cailteanas breise ar luacháil Réadmhaoine Infheistiúcháin, méadú €0.5m.

Tá an Brabús Oibriúcháin 12.5% níos ísle ná 2022 agus é ag €38.7m agus an toradh air sin ná Corrlach Oibriúcháin de 38.1% (2022: 43.5%).

Ba é an tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas, amúchadh agus lagú (TRÚCDA) ná €56.7m (2022: €59.3m).

Faoi bhun an bhrabúis oibriúcháin ní raibh aon mhíreanna eisceachtúla in 2023. Le linn 2022 d'eascair mír eisceachtúil dar luach €10m a bhain le dáileadh faoin gComhaontú Forbartha le Rinn an Iarla Thoir.

B'ionann na glanchoistais mhaoinithe agus €3.7m (2022: €5.7m).

B'ionann na glanmhuirir úis (gan ús glan ar scéimeanna pinsin a áireamh) agus €6.1m (2022: €6.4m) agus tá clúdach úis an Chomhlachta 6 huairé (2022: 9 n-uairé), bunaithe ar bhrabús roimh ús agus cáin, de bhreis ar ghlanmhuirir úis. Mhéadaigh an Glanfhiachas ó €155.0m in 2022 go dtí Glanfhiachas de €178.1m in 2023 agus tá an Comhlacht ag comhlíonadh na gcúnant go léir maidir lena saoráidí iasachtaithe go hiomlán.

Ba é an brabús don bhliain airgeadais ná €29.5m (2022: €41.3m).

Tháinig méadú ar an Ioncam Brabúis agus Cailteanais ó €566.3m ag 31 Nollaig 2022 go dtí €587.0m ag 31 Nollaig 2023 agus tháinig méadú ar Chistí na nGeallsealbhóirí ó €581.6m go dtí €602.3m le linn na tréimhse céanna.

Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Ceann de na príomh-éiginnteachtaí atá roimh an gComhlacht ná an mbeidh sé in ann an toilleadh Calafóirt riachtanach a sheachadadh chun freastal ar éilimh an mhargaidh leis an leibhéal muiníne atá riachtanach.

Leagtar amach i Máistirphlean 2040 an creat pleanála do na trí thionscadal um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (SID) a theastaíonn chun cuspóir acmhainne 2040 a bhaint amach:

- Is é an chéad SID ná Tionscadal Athfhorbartha Abhantraí Alexandra (ABR) agus leanadh ar aghaidh le tógáil ar an tionscadal seo i rith 2023. Ba chloch mhíle mhór é oscailt na chéad chéime de Chríochfort 4 in 2023 i seachadadh an tionscadail seo.
- I mí Iúil 2020, dheonaigh an Bord Pleanála cead pleanála 15 bliana don dara ceann de na trí SID, an Tionscadal MP2. Fuarthas na ceadanna imeall trá riachtanacha in 2022 agus cuireadh tús le hoibreacha i rith na bliana.
- Tá an tríú SID agus an ceann deiridh, Tionscadal 3FM, ag an gcéim réamhphleanála faoi láthair agus táthar ag súil go gcuirfear iarratas pleanála isteach le linn 2024.

32 Tuarascáil na Stiúrthóirí

(ar lean)

Tá ceithre phríomhríosca agus neamhchinnteacht ann a d'fhéadfadh cosc a chur ar an gComhlacht cuspóir Mháistirphlean 2040 a bhaint amach chun an acmhainn tréchur bliantúil a theastaíonn a sholáthar faoi 2040:

1. Seans nach bhféadfaí cead pleanála a fháil don Tionscadal 3FM.
2. D'fhéadfadh nach mbeifí in ann a chinntiú go n-oibreodh oibreoirí na gcríochfort aonadaithe ar (Ró-Ró agus Lóló aron) ar an leibhéal ard d'úsáid talún a bheadh ag teastáil.
3. Srianta ar thailte calafoirt atá ar fáil tar éis caillteanas 14.6 heicteár (6% d'achar talún iomlán Chalafort Átha Cliath) do ghníomhaireachtaí Stáit chun éascú le rialuithe teorann ar thrádáil leis an mBreatain Mhór a thabhairt isteach arís mar thoradh ar Brexit.
4. An cumas féin-mhaoiniú a dhéanamh ar an leibhéal infheistíochta a theastaíonn chun na tionscadail seo a sheachadadh sa mheántéarma agus san fhadtéarma

D'fhéadfadh teaghlaim de roinnt de na rioscaí seo nó iad go léir a bheith ina gcúis le Calafort Átha Cliath a acmhainneacht uasta tréchur a bhaint amach chomh luath le 2030.

Tá éiginnteachtaí ag an gComhlacht freisin ar an taobh trádála mar gheall ar roinnt dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann i ngeilleagair na hÉireann agus an domhain aron. Cé go bhfuil an t-ionchas do gheilleagar na hÉireann dearfach go ginearálta, tá imní ann maidir leis an margadh saothair docht, tithíocht, boilsciú leanúnach agus laghdú níos moille ar rátaí úis a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chaiteachas tomhaltóirí. Ar luamhán níos leithne, leanann rátaí fáis na hEorpa ag dul i laghad, agus is ábhar imní fós iad na héiginnteachtaí atá fós ann mar gheall ar an gcoinbhleacht leanúnach san Úcráin, sa Mheánoirthear agus torthaí thoghcháin SAM. Déanfaidh an Comhlacht monatóireacht ghníomhach ar thionchar na rioscaí seo.

Chinntigh an Comhlacht go gcoinníonn sí solúbthacht laistigh de sheachadadh an chláir infheistíochta caipitil atá beartaithe faoi Mháistirphlean 2040 chun cur chun cinn nó moill a chur ar chur i bhfeidhm tionscadal mar fhreagra ar fhorbairtí eacnamaíocha níos leithne. Mar sin féin, bhí gá le hathbhreithniú ar chostais agus ar straitéis ioncaim don todhchaí mar gheall ar luaineacht eacnamaíoch agus boilsciú praghsanna tógála.

Tá an Comhlacht nochtta freisin don tionchar atá ag moilliú geilleagrach ar a gníomhaíochtaí neamhlárnacha Calafoirt. Is léir seo ón laghdú ar luach réadmhaoin infheistíochta an Chomhlachta atá suite i bPáirc Ghnó an Phoirt Thoir. Rinne ar gcomhairleoirí réadmhaoin an réadmhaoin a luacháil arís ag deireadh 2023, rud a d'fhág laghdú €1.3m ó luacháil na bliana roimhe sin de €8.3m go €7.0m. Faoi láthair, tá laghdú carnach €3.9m tagtha ar luach na réadmhaoin.

Tá an Comhlacht tiomanta do bhainistiú rathúil a nochtadh do riosca agus a tionchar ar bhaint amach cuspóirí gnó a íoslághdú. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an mBord le téarmaí tagartha sonracha a léiríonn ról an Choiste chun tacú leis an mBord nochtadh an Chomhlachta do riosca a bhainistiú.

Tá Creat Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an Chomhlacht ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas:

- Próisis chun rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur i gcatagóir,
- Rioscaí a mheas agus a thomhas go leanúnach, agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus iad a thuirisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar fhochoiste Boid.

Tá an Creat Bainistíochta Riosca cuimsitheach seo forbartha i ngach gné den ghnóthas agus áirítear leis na gnéithe seo a leanas:

1. Bainistíocht Riosca Fiontair
2. Plean Bainistíochta Éigeandála
3. Bainistiú Riosca TFC
4. Bainistiú Riosca maidir leis an bPíblíne Ola Coitianta
5. Bainistiú Riosca maidir le Tionscadail Chaipitil
6. Athbhreithniú Bliantúil ar Straitéis an Bhoird

Tar éis go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca i bhFeabhra 2020, cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun bainistíocht fhoriomlán riosca sa Chomhlacht a neartú:

- Ag gach cruinniú Boid, cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca (an Príomhfheidhmeannach) Tuarascáil Riosca Straitéiseach i láthair ag díriú ar rioscaí sonracha de chineál straitéiseach.
- Gach bliain ag an athbhreithniú bliantúil ar Straitéisí an Bhoird (i Meitheamh / Iúil), déanfar na rioscaí a tuairiscíodh agus a pléadh ag cruinnithe Boid i rith na bliana a chuimsiú sa chlár oibre don athbhreithniú ar straitéisí an Bhoird lena chinntiú go gcuirfeadh na rioscaí straitéiseacha sin san áireamh i bpleananna gearrthéarmacha gnó.
- Beidh na freagairtí ar na rioscaí straitéiseacha cuimsithe ansin sa Chlár Oibre a chuirfeadh faoi bhráid an Bhoird i Meán Fómhair sula dtosófar ag ullmhú buiséad don bhliain le teacht.

- Déanfaidh an Bord athbhreithniú seachtrach a choimisiúnu go tréimhsiúil ar éifeachtacht chur chuige foriomlán an Comhlacht i leith bainistíocht riosca mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais. Rinneadh an chéad athbhreithniú den sórt sin ó Nollaig 2020 go Feabhra 2021 agus dheimhnigh an tuarascáil deiridh a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca go bhfuil cur chuige Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath i leith bainistíocht riosca éifeachtach chun na príomhrioscaí atá roimh an gComhlacht a aithint agus a mheasúnú.

Inghlacthacht riosca

Athraíonn inghlacthacht an chomhlachta maidir le próifíl riosca thar réimsí agus gníomhaíochtaí éagsúla dá ghnó:

- Tá an Bord toilteanach glacadh le leibhéal measartha riosca agus iad ag iarraidh a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
- Tuigeann an Bord go bhfuil comhbhabhtáil idir an riosca agus an luach saothair, agus chun inghlacthacht riosca cothromaithe a bhaint amach, glacann siad cur chuige stuama chucu féin maidir lena chinntiú go maoinítear an gnóthas go leordhóthanach, go háirithe ó thaobh tionscadail bhonneagair a mhaoiniú de. Níl an Bord sásta rioscaí a ghlacadh a chuirfeadh príomhchúnaint i gcomhaontuithe saoráide fiachais an Chomhlachta i mbaol.
- Tugann an Bord tosaíocht do shábháilteacht na bpaisinéirí, na gcuariteoirí, na foirne agus na n-oibríthe Calafóirt agus tá a inghlacthacht riosca i réimsí na sábháilteachta agus na slándála an-íseal.
- Glacann an Comhlacht bearta chun rioscaí oibriúcháin a aithint agus a bhainistiú. Tá inghlacthacht riosca íseal ann maidir le córais rithábhachtacha a chothabháil agus sonraí a chosaint.
- Féachann an Comhlacht lena chinntiú go gcomhlíonann gníomhaíochtaí comhlíonta ceanglais na rialachán ábhartha agus go gcoimeádann sí inghlacthacht riosca íseal maidir le comhlíonadh agus saincheisteanna rialála.

Ina theannta sin, déantar riosca foriomlán feidhmíochta gnó a bhainistiú trí na bearta seo a leanas:

- Buiséad Bhlantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana a ullmhú,
- Tuairisciú Míosúil agus Anailís ar Athraitheas,
- Rialuithe Airgeadais,
- Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus
- Polasaithe, Caighdeáin agus Treoirínte mionsonraithe chun tacú le rialú agus le maolú rioscaí.

Bainistíocht Riosca Airgeadais

Nochtann oibríochtaí an Chomhlachta í d'éagsúlacht rioscaí airgeadais lena n-áirítear riosca ráta úis, riosca creidmheasa, agus leachtacht agus riosca sreabhadh airgid tirim. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais chun an Comhlacht a chosaint ó rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca airgeadais tarmilgthe ag na Stiúrthóirí chuig fochoiste den Bhord. Is é an Bord Stiúrthóirí a leagann amach na Beartais agus cuireann Roinn Airgeadais an Chomhlachta i bhfeidhm iad.

Riosca Leachtachta agus Sreabhadh Airgid:

Coinníonn an Comhlacht meascán d'airgeadas fiachais gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach chun a chinntiú go bhfuil dóthain cistí ar fáil le haghaidh infheistíochta caipitil pleanáilte. Tá comhaontú saoráide creidmheasa imrothlaigh €50 milliún ag an gComhlacht le Banc-Aontas Éireann cpt (ar dtús le Banc Uladh DAC agus aistríodh go Banc-Aontas Éireann cpt é faoi na téarmaí céanna i Meán Fómhair 2022). Bhí an áis seo neamhtharraingthe ag deireadh na bliana agus tá sé dlite le haisíocaíocht iomlán (má tarraingíodh é) i mí an Mhárta 2024. Tá an áis neamhtharraingthe go dtí seo. Tá sé beartaithe ag an gComhlacht saoráid chreidmheasa athsholáthair a chur i bhfeidhm le linn 2024.

I mí na Nollag 2015 rinne an Comhlacht Conradh Airgeadais leis an mBanc Eorpach Infheistíochta maidir le saoráid airgeadais tionscadail €100m. Tá an áis seo ar feadh téarma 20 bliain tarraingthe go hiomlán ag deireadh na bliana 2019.

I mí na Nollag 2019 d'eisigh an Comhlacht bannaí sinsearach neamhurráithe €300m do raon infheisteoirí institiúideacha. Tá na bannaí seo liostaithe ar Mhargadh Malartaithe Domhanda Euronext Dublin. Ar 31 Nollaig 2023 bhí €300m de bhannaí eisithe.

Is é polasaí an Chomhlachta an toradh infheistíochta a uasmhéadú trí iarmhéideanna airgid barrachais a chur ar thaiscí airgid thirim a mbaineann riosca íseal leo ar bhonn gearrthéarmach. Tá mandáidí cistíochta i bhfeidhm ag an gComhlacht le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche seo.

Riosca Creidmheasa:

Tá an Comhlacht nocht do riosca creidmheasa le linn trádála agus chun an riosca seo a bhainistiú déanann sí seiceálacha creidmheasa cuí ar chustaiméirí ionchasacha agus ní dhéanann sí trádáil ach le tríú páirtithe creidiúnaithe aitheanta.

34 Tuarascáil na Stiúrthóirí

(ar lean)

Comhlacht Chalafort Átha Cliath | Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023

Riosca Ráta Úis:

Chun nochtadh an Chomhlachta do ghluaiseachtaí diúltacha suntasacha ar rátaí úis a bhainistiú, tá sé mar bheartas ag an gComhlacht 60 faoin gcéad ar a laghad dá fhiachas a choimeád ag rátaí úis seasta. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, rinne an Comhlacht comhaontú ráta seasta úis leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar an tsaoráid airgeadais tionscadail €100m. Sa bhliain 2019 d'éisigh an Comhlacht bannaí sinsearacha neamhurraithe €300m ag ráta seasta cúpóin a tarraingíodh anuas go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2023.

Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Ní raibh aon imeachtaí idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais.

Forbairtí sa Todhchaí

Tá Clár Infheistíochta Caipitil buiséadaithe de €71.2m ag an gComhlacht do 2024. Áiríonn an Clár Infheistíochta Caipitil atá beartaithe do 2024 €28.7m maidir le tionscadail Mháistirphlean 2040, €15.2m maidir le Céim 2 an Mháistirphlean, agus €11.8m maidir le tionscadal Athfhorbairt Abhantrach Alexandra ("ABR").

Torthaí agus Díbhinní

Ba é brabús an Chomhlachta don bhliain airgeadais ná €29.5m. Ba iad seo a leanas leithdháiltí agus moltaí na Stiúrthóirí i leith na suime sin:

	2023 €'000	2022 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais	29,494	41,337
Díbhinn Eatramhach €0.1945 (2022: €0.00) in aghaidh na gnáthscaire íochta	(2,250)	-
Méadú ar Bhrabús a Coinníodh roimh aistriú in Ioncam Cuimsitheach Eile	27,244	41,337

Níl sé beartaithe ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scairchaipiteal an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus 2022.

An tAcht um Íoc Pras

Is é beartas an Chomhlachta soláthraithe a íoc de réir théarmaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Chuíge sin, tá gnáthaimh íocaíochta an Chomhlachta deartha chun dearbhú réasúnta a thabhairt i gcoinne neamhchomhlíonta ábhartha le téarmaí na Rialachán. Is é 30 lá an tréimhse chaighdeánach chreidmheasa, ach amháin má shonraítear a mhalairt sna socruithe conartha. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí de réir uimhreach agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar is gá. Dá bharr sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon an Comhlacht le ceanglais an Achta.

Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí ag aon am i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta sínithe na ráiteas airgeadais leagtha amach thíos.

J Grant
B O'Connell
M Brophy
D Cronin
B Grist
M Hand
Mairéad Ní Cheóinín (ceaptha 12 Márta 2024)
B Power

Caidreamh le Scairsealbhóirí

Bíonn idirphlé leanúnach ag an gCathaoirleach, ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an mbainistíocht le scairsealbhóirí an Chomhlachta maidir le feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus saincheisteanna straitéiseacha. Bíonn ar an Aire Iompair agus/nó ar an Aire Airgeadais ábhair shonraithe ar leith a fhaomhadh, agus déantar cumarsáid leanúnach leis an Aire ábhartha trína ranna faoi seach. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair mar a cheanglaítear faoi Alt 28 den Acht Cuanta, 1996 agus mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Páirtí Rialaithe Deiridh

Is é an tAire Iompair úinéireacht thairbhíuil scairchaipiteal eisithe an Chomhlachta.

Rialachas Corparáideach

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta d'ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a chothabháil agus ghlac sí le prionsabail an rialachais chorparáidigh agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2009. Nuashonraíodh an Cód Cleachtais an 1 Meán Fómhair 2016 agus cuireadh forálacha an Chóid nuashonraithe i bhfeidhm ar an tréimhse tuairiscithe airgeadais dar tosach 1 Eanáir 2017. Comhlíonann an Comhlacht freisin a cuid oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

Tá tromlach na Stiúirthóirí neamhfheidhmiúcháin agus is é an tAire a cheapann. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil ar bhonn míosúil (le 10 gcruinniú in aghaidh na bliana) agus tá sceideal foirmiúil de chúrsaí forchoimeáda go sonrach aige lena gcinneadh. Tá an Bord freagrach as cumhachtaí uile an Comhlachta a fheidhmiú, seachas iad siúd atá forchoimeáda ag Scairshealbhóirí, agus tá sé comhfhreagrach as oibríochtaí uile an Chomhlachta. Féadfaidh an Bord cibé cumhachtaí is cuí leis a tharmligean, chuig Coiste Boird nó chuig an bPríomhfheidhmeannach, faoi réir cibé srianta nó rialacháin a fhorchuirfidh sé leis an tarmligean sin. Faoi réir thoilíú an Aire i gcásanna áirithe, tá forchoimeádas na gcinntí maidir le feidhmeanna áirithe sna réimsí Rialachais, Airgeadais, Soláthair, Oibríochtaí agus Ceapacháin in Acmhainní Daonna ceadaithe go foirmiúil ag an mBord. Tá rochtain ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Chomhlachta agus is féidir leis comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh de réir mar is gá.

Éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go ndéanfadh an Bord cleachtadh bliantúil féinmheasúnaithe chun a éifeachtacht a mheas. Thug an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe bunaithe ar cheistneoir atá le fáil sa Chód Cleachtais chun críche i bhFeabhra 2024. Éilíonn an Cód Cleachtais go ndéanfaí meastóireacht sheachtrach fhoirmiúil gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an t-athbhreithniú neamhspleách is déanaí ó Dheireadh Fómhair go Samhain 2022 agus tuairiscíodh don Bhord in Eanáir 2023 é. Dhearbhaigh torthaí na meastóireachta foirmiúla 2022 go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach agus mhol siad roinnt réimsí le breithniú ag an mBord.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta i 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Athbhunaíodh an Coiste seo i 2012 mar an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca. Leagadh amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus comhaltas an Choiste, mar aon lena fhreagrachtaí sna réimsí seo a leanas: tuairisciú seachtrach airgeadais, iniúchadh seachtrach, rialachas corparáideach agus iniúchadh inmheánach.

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile cúig huairé i rith na bliana. Ba iad baill an Choiste i rith na bliana ná Denise Cronin Uasal (Cathaoirleach), an tUasal Michael Brophy, agus an tUasal Jerry Grant.

Bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair i 1999 freisin. Ba iad baill an choiste i rith na bliana ná an tUasal Jerry Grant (Cathaoirleach), an tUasal Michael Brophy agus Berna Grist Uas. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana.

I mí an Mhárta 2021 bhunaigh an Bord Coiste Infreastruchtúir chun cabhrú leis an mBord beartas agus straitéis ghinearálta a chinneadh maidir le Bonneagar Calafóirt a fhorbairt. Ceapadh an tUas. Michael Hand mar Chathaoirleach an Choiste. Ba iad baill an Choiste i gcaitheamh na bliana ná an tUasal Michael Hand (Cathaoirleach), an tUasal Jerry Grant, agus Berna Grist Uas. Tháinig an Coiste le chéile trí huairé i rith na bliana.

Bhí 10 gcruinniú Ginearálta Boird ann le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2023.

Freastal na Stiúirthóirí ar chruinnithe an Bhoird:

Freastal ar Chruinnithe	I láthair	Incháilithe chun Freastal
J.Grant	10	10
B O'Connell	10	10
M Brophy	9	10
D Cronin	10	10
B Grist	10	10
M Hand	10	10
B Power	10	10

An Coiste um Iniúcháireachta agus Riosca

M Brophy	5	5
D Cronin	5	5
J Grant	5	5

An Coiste Infreastruchtúir

J Grant	3	3
B Grist	3	3
M Hand	3	3

An Coiste Luach Saothair

M Brophy	2	2
J Grant	2	2
B Grist	2	2

(ar lean)

Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Tá Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, dínit, éagsúlacht agus neamh-idirdhealú a chur i gcoilár an Chomhlachta agus tá an Éagsúlacht agus an Uilechuimsitheacht mar phríomhshraith dár Straitéis Daoine. I rith 2023 lean an Comhlacht leis an gclár forbartha bainistíochta do bhainisteoirí agus d'fhostaithe ar fud na heagraíochta. Bhí Éagsúlacht agus Cuimsiú ag coilár an chláir seo le fócas ar leith ar Dhínit ag an Obair. Seachadadh oiliúint phearsanta Dínit ag an Obair le linn 2023 do na fostaithe go léir. Sheol an oiliúint seo beartas athbheithnithe um Dhínit ag an Obair chun tacú le bainisteoirí agus chun spás oibre sábháilte a chothú do gach fostaí. Cuirtear oiliúint um Dhínit ag an Obair ar fáil anois mar chuid den chlár ionduchtaithe do gach fostaí nua.

I rith 2024 leanfaidh an Comhlacht ag cur Dínit san Ionad Oibre chun cinn agus ag cinntiú go bhfanann Éagsúlacht agus Cuimsiú mar chuid lárnach de ghníomhaíochtaí an Chomhlachta. Beidh Cumasóirí eile dár straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú ag tuairisciú ar Bhearna Pá Inscne agus athsheoladh ar ár bpolasaithe Cód Iompair le linn 2024.

Inbhuanaitheacht

Cuireann Plean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide oibleagáid ar an earnáil phoiblí, lena n-áirítear comhlachtaí leathstáit tráchtála, laghdú 51% ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Tá glactha go foirmiúil ag an gComhlacht le spriocanna na hearnála poiblí agus tuairiscíonn sí sonraí mionsonraithe fuinnimh ar bhonn bliantúil ag baint úsáide as córas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun dul chun cinn i dtreo 2030 a rianú. Bhain an Comhlacht amach sprioc na hearnála poiblí 2020 maidir le feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Chuir an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Téarnamh (NewERA) Creat Gníomhaíochta ar son na hAeráide i bhfeidhm don earnáil leathstáit tráchtála i mí an Mheithimh 2022 agus ghlac an Bord an Creat i Meán Fómhair 2022.

Leagtar amach sa Chreat cúig ghealltanas do comhlachtaí maidir lena gcuspóirí gníomhaíochta aeráide. Is iad na cuspóirí seo:

1. Rialachas Cuspóirí Gníomhaíochta Aeráide
2. Tomhas Astuithe agus Spriocanna Laghdú
3. Luacháil Astuithe i Measúnú Infheistíochta
4. Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas
5. Nochtaí a Bhaineann leis an Aeráid

Beidh an Comhlacht laistigh den scóip le haghaidh tuairiscithe faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSR) inár dTuarascáil Bhliantúil 2025 agus tá sé ag ullmhú don nochtadh tuairiscithe sainordaitheach faoin reachtaíocht seo.

Speansais na Stiúrthóirí

Costais de mhéid €Náid (2022: €4,223) le comhaltaí Boird i rith na bliana maidir le costais taistil.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta. Ní féidir leis na córais seo atá á gcothabháil ag an Chomhlacht ach cinnteacht réasúnta ach ní ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar idirbhearta de réir údarú na bainistíochta go gcosnaítear sócmhainní, go gcuirtear cosc ar chalaos agus go gcoimeádtar taifid airgeadais chuí. Deimhníonn an Bord go bhfuil athbheithnithe déanta aige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Chun a chinntiú go gcuirtear rialuithe inmheánacha an Chomhlachta i bhfeidhm go héifeachtach, tá seirbhísí pearsanra cáilithe daingnithe agus leithdháileadh dualgais i gceart ina measc.

Áirítear le córais an rialaithe inmheánaigh:

- Déantar rioscaí gnó a aithint agus a dtionchair airgeadais a mheas trí athbheithnithe a dhéanamh go rialta ar Phlean Straitéiseach an Chomhlachta. Tugtar achoimre thuas ar an bpróiseas a bhaineann le Creat Bainistíochta Riosca an Chomhlachta faoin gceannteideal "Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha". Ghlac an Bord leis an bPlean Straitéiseach is déanaí don tréimhse 2022 go dtí 2026 i mí na Nollag 2021;
- Buiséad bliantúil faofa ag an mBord agus measúnú míosúil ar fhíorthorthaí i gcomparáid le réamhaisnéisí buiséid;
- Coiste Iniúchta agus Riosca a bunaíodh chun athbheithnithe agus plé a dhéanamh, leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar rialuithe inmheánacha cuntasíochta an Chomhlachta, ar fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, ar rogha beartas cuntasíochta, ar phleananna iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh, ar thuarascáil na n-iniúcháirí reachtúla, ar thuairisciú airgeadais agus ar nithe gaolmhara eile;
- Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí trína ndéantar athbheithnithe ar phríomhphróisis agus ar phríomhrialuithe gnó;

- Cóid fhoirmiúla iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus fostaithe; agus
- Beartais agus nósanna imeachta soláthair. Cinntíonn siad seo, ar an gcéad dul síos, go ndéantar gníomhaíochtaí soláthair chun luach ar airgead a sholáthar i dtéarmaí costais saolré foriomlán agus, ar an dara dul síos, go gcomhlíontar gach Treoir Stáit ábhartha agus gach Treoir AE is infheidhme maidir le Fónais Phoiblí. Tá ceanglais chuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Leasú ar an gCód Caiteachais Phoiblí á gcomhlíonadh.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Thug an tIniúcháir Inmheánach faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus níor nochtadh aon laigí rialaithe suntasacha a chruthaíonn riosca suntasach maidir le cailteanas airgeadais nó briseadh oibriúcháin, ar gá aird láithreach a thabhairt orthu ag leibhéal an Bhoird.

Ráiteas comhlíonta

Admhaíonn Stiúrthóirí an Chomhlachta go bhfuil siad freagrach as a áirithiú go bhfuil an Comhlacht ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí ábhartha (mar atá sainmhínithe in Acht na gComhlachtaí 2014 (“Acht 2014”)) agus, mar a cheanglaítear le halt 225 d’Acht 2014, deimhníonn na Stiúrthóirí go:

- ullmhaíodh ráiteas beartais um chomhlíonadh ina leagtar amach beartais an Chomhlachta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha faoi Acht 2014;
- go bhfuil socruithe agus struchtúir curtha i bhfeidhm a mheasann siad a bheith leordhóthanach chun comhlíonadh ábhartha le oibleagáidí iomchuí an Chomhlachta a chinntiú; agus
- go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus struchtúir le linn na bliana airgeadais lena mbaineann Tuarascáil na Stiúrthóirí.

Sintiús Pholaitíochta

Ní dhearna an Bord aon sintiús polaitíochta i rith na bliana (2022: Náid).

Nochtadh Faisnéise do na HIniúcháirí

Dheimhnigh gach Stiúrthóir a bhí in oifig ar dháta na tuarascála seo:

- Go bhfios dó/di, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag iniúcháirí reachtúla an Chomhlachta; agus
- Go bhfuil na bearta go léir déanta aige/aici ar cheart iad a bheith déanta aige/aici mar Stiúrthóir chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchta agus chun a dhearbhu go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúcháirí reachtúla an Chomhlachta.

Iniúcháirí Reachtúla

Leanann na hiniúcháirí reachtúla, PricewaterhouseCoopers, ag feidhmiú, de réir alt 383(2) d’Acht na gComhlachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird

Jerry Grant, Cathaoirleach
Barry O’Connell, Príomhfheidhmeannach

28 Márta 2024

38 Tuarascáil iniúchára neamhspleách do bhail Chomhlacht Chalafort Átha Cliath

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Is é ár dtuairim go bhfuil ráitis airgeadais Chomhlacht Chalafort Átha Cliath:

- léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chomhlachta ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a brabúis agus a sreabhfaí airgid don bhliain dar críoch sin;
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” agus dlí na hÉireann); agus
- ullmhaithe i gceart de réir cheanglais Acht na gComhlachtaí 2014.

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais, atá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, ar a bhfuil:

- an Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2023;
- an Cuntas Brabúis agus Cailteanais agus an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch sin;
- an Ráiteas ar Sreabhfaí Airgid don bhliain dar críoch sin;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas don bhliain dar críoch sin;
- na Beartais Chuntasaíochta; agus
- na Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (“ISAs (Éire)”) agus an dlí is infheidhme.


Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi ISAs (Éire) sa chuid dár dtuarascáil ar fhreagrachtaí na nIniúcháirí as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

Neamhspleáchas

D’fhanamar neamhspleách ar an Chomhlacht de réir na gceanglas eithe a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Eiticíúil IAASA mar a bhaineann le haonáin liostaithe, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas seo.

Ár gcur chuige iniúchta

Forbhreathnú



Ábharthacht iomlán

- €1,740,000 (2022: €1,925,000)
- Bunaithe ar c. 5% den bhrabús roimh cháin (2022: c. 5% den bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla).

Ábharthacht feidhmíochta

- €1,305,000 (2022: €1,443,000)

Scóip iniúchta

- Rinneamar iniúchadh scóip iomlán ar ráitis airgeadais an Chomhlachta, bunaithe ar na leibhéil ábharthachta.

Príomhábhair iniúcháireachta

- Oiriúnacht na bpríomhthoibhdí tuisceana a úsáideadh chun luacháil dhliteanais na scéime pinsin sochair shainithe chomhlána a chinneadh.

Scóip ár n-íniúchta

Mar chuid dár n-íniúchadh a dhearadh, chinneamar ábharthacht agus rinneamar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais. Go háirithe, d'fhéachamar ar an áit a ndearna na Stiúrthóirí breithiúnais shuibhachtúla, mar shampla maidir le meastacháin shuntasacha chuntasaíochta lenar bhain toimhdí a dhéanamh agus breithniú a dhéanamh ar imeachtaí sa todhchaí atá neamhchinnte go bunúsach. Mar a bhí i ngach ceann dár n-íniúchtaí thugamar aghaidh freisin ar an riosca go sáródh an bhainistíocht rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a mheas an raibh fianaise ar chlaonadh ag na Stiúrthóirí a léirigh riosca de mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois.

Príomhábhair iniúchóireachta

Is iad príomhnithe iniúchta na nithe sin ba thábhachtaí, i mbreithiúnas gairmiúil na n-íniúcháirí, san iniúchadh ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha agus áirítear leo na rioscaí measúnaithe is suntasaí maidir le míshonrú ábhartha (cibé acu de bharr calaoise nó nach ea) a shainaithnítear ag na hiniúcháirí, lena n-áirítear iad siúd a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúchta foriomlán; leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a stiúradh. Díríodh ar na hábhair seo, agus ar aon tuairimí a thugaimid ar thorthaí ár nósanna imeachta orthu, i gcomhthéacs ár n-íniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus le linn dúinn ár dtuairim a fhoirmiú ina leith, agus ní thugaimid tuairim ar leith ar na hábhair sin. Ní liosta iomlán é seo de na rioscaí go léir a aithníodh inár n-íniúchadh.

Príomhábhar iniúchta

Oiriúnacht na bpríomhthobhdí tuisceana a úsáideadh chun luacháil dhliteanais na scéime pinsin sochair shainithe chomhlána a chinneadh.

Déan tagairt do “Polasaithe Cuntasaíochta – sochair fostaithe - Sochair iarfhostaíochta - plean pinsin le sochar sainithe”, Nóta 3 “Breithiúnais chriticiúla agus meastacháin agus beartais chuntasaíochta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm – (ii) Scéim pinsin shochair shainithe” agus Nóta 31 Sochair “Iarfhostaíochta - (ii) Scéimeanna Sochair Shainithe”.

Feidhmíonn an Comhlacht trí scéim ghníomhacha pinsin le sochar sainithe. Ba ionann olldliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ag an 31 Nollaig 2023 agus €178.7 milliún.

Déantar na dliteanais maidir leis na scéimeanna sochair shainithe seo a luacháil ar bhonn achtúireach agus tá siad faoi réir roinnt toimhdí achtúireacha lena n-áirítear an ráta lascaine, an ráta boilscithe, agus rátaí ionchas saoil.

Chinneamar go raibh sé seo ina príomhábhar iniúchta mar go bhfuil breithiúnas bunúsach ann agus na boinn tuisceana achtúireacha á gcinneadh agus d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag athrú beag ar na boinn tuisceana ar ríomh na ndlíteanas scéime pinsin sochair shainithe chomhláin a bhféadfadh athrú ábhartha mar thoradh air méid an bharrachais fhoriomláin do na scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

An chaoi ar thug ár n-íniúchadh aghaidh ar an bpríomhcheist iniúchta

Fuaireamar tuiscint ar na próisis a úsáideadh chun an ráta lascaine, an ráta boilscithe, agus na rátaí ionchas saoil a úsáidtear chun na dliteanais pinsin sochair shainithe a ríomh.

Le cúnamh ónár saineolaithe achtúireacha inmheánacha, thugamar dúshlán d'oiriúnacht na boinn tuisceana achtúireacha a d'úsáid an Comhlacht chun dliteanais na scéime pinsin le sochair sainithe chomhlána a ríomh. Áiríodh leis seo tagarmharcáil an ráta lascaine, an ráta boilscithe agus na boinn tuisceana ráta básmhaireachta i gcoinne sonraí margaidh agus breithniú cibé an bhfuil gach ceann de na boinn tuisceana seo laistigh de raon inghlactha de thorthaí féideartha.

Bunaithe ar ár nósanna imeachta, chinneamar go raibh na boinn tuisceana achtúireacha a d'úsáid an bhainistíocht laistigh de na raonta cuí.

Rinneamar measúnú ar an nochtadh laistigh de na ráitis airgeadais agus mheasamar go raibh an nochtadh réasúnach.

40 Tuarascáil iniúchóra neamhspleách do bhail Chomhlacht Chalafort Átha Cliath

(ar lean)

An chaoi ar shaincheapamar scóip an iniúchta

Rinneamar raon feidhme ár n-iniúchta a shaincheapadh lena chinntiú go ndearnamar go leor oibre chun go mbeimis in ann tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, ag cur struchtúr an Chomhlachta, na próisis agus na rialuithe cuntasaióchta, agus an tionscal ina bhfuil sé san áireamh.

Ábharthacht

Bhí tionchar ag ár gcur i bhfeidhm ábharthachta ar scóip ár n-iniúchta. Socraimid tairseacha cainníochtúla áirithe maidir le hábharthacht. Chuidigh siad seo, mar aon le breithnithe cáilíochtúla, linn scóip ár n-iniúchta a chinneadh agus nádúr, uainiú agus méid ár nósanna imeachta iniúchta ar mhíreanna líne agus ar nochtadh na ráiteas airgeadais aonair agus chun éifeacht na míshonrú a mheas, ina n-aonar agus go comhiomlán ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine.

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, chinneamar ábharthacht na ráiteas airgeadais ina iomláine mar seo a leanas:

Ábharthacht iomlán	€1,740,000 (2022: €1,925,000).
--------------------	--------------------------------

Conas a chinneamar é	c. 5% den bhrabús roimh cháin (2022: c. 5% den bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla).
----------------------	---

Réasúnaíocht don tagarmharcáil curtha i bhfeidhm	Chuireamar an tagarmharc seo i bhfeidhm mar is é ár dtuairim gur méadrach é seo a ndéanann a geallsealbhóirí feidhmíocht an Chomhlachta a thomhas go coitianta ina choinne agus go n-úsáidtear leibhéal ábharthachta a léiríonn gníomhaíocht trádála leanúnach an Chomhlachta mar thoradh air.
--	--

Bainimid úsáid as ábharthacht feidhmíochta chun laghdú go dtí leibhéal cuí íseal ar an dóchúlacht go sáraíonn comhiomlán na míshonrú neamhcheartaithe agus neamhbhraithe an ábharthacht iomlán. Go sonrach, bainimid úsáid as ábharthacht feidhmíochta chun scóip ár n-iniúchta a chinneadh agus nádúr agus méid ár dtástáil ar iarmhéideanna cuntas, aicmí idirbheart, agus nochtadh, mar shampla agus méideanna samplacha á gcinneadh. Ba é ár n-ábharthacht feidhmíochta ná 75% den ábharthacht iomlán, arbh fhiú €1,305,000 é.

Agus ábharthacht na feidhmíochta á chinneadh, rinneamar roinnt fachtóirí a mheas - stair na míshonrú, measúnú riosca, riosca comhiomlánaíthe, agus éifeachtacht na rialuithe - agus tháinig muid ar an gconclúid go raibh méid ag barr ár ngnáthraon oiriúnach.

D'aontaíomar leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go gcuirfeadh muid tuairisc ar fáil maidir le míráiteas a aithníodh le linn ár n-iniúchta os cionn €87,000 (2022: €96,250) chomh maith le míráiteas faoin méid sin arbh fhiú, dar linn, tuairisciú ar chúiseanna cáilíochtúla.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

I measc ár meastóireachta ar mheasúnú na Stiúrthóirí ar chumas an Chomhlachta chun leanúint ar aghaidh ag glacadh le bonn gnóthas leantach na cuntasaióchta bhí:

- Measúnú a dhéanamh ar mheasúnú gnóthas leantach an Chomhlachta (is é sin an tréimhse 12 mhí ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint) agus dúshlán a thabhairt do na príomhbhoinn tuisceana. Ina theannta sin, rinneamar measúnú ar mheasúnú na bainistíochta ar an tionchar dóchúil a d'fhéadfadh a bheith ag an timpeallacht mhaicreacnamaíoch reatha ar fheidhmíocht airgeadais agus ar leachtacht don tréimhse measúnaithe gnóthais leantaigh;
- sláine matamaitice na réamhaisnéisí sreafa airgid agus na múnlaí ullmhaithe ag an mbainistíocht a thástáil;
- breithniú ar na háiseanna maoinithe atá i bhfeidhm lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar nádúr na n-áiseanna, téarmaí aisíocaíochta agus cúnaint; agus
- na nochtuithe sna ráitis airgeadais a mheas agus a gcomhsheasmhacht leis an mbun-mheasúnú a rinne an Chomhlacht.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníodh aon neamhchinnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chur ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó an dáta ar a n-údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, chinneamar gur cuí úsáid a bhaint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Mar sin féin, toisc nach féidir gach imeacht nó coinníollacha a thuar, ní ráthaíocht é an tatal seo maidir le cumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis go léir sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúcháirí orthu. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúcháireachta in iúl nó, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil seo, aon chineál dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas atá againn a fuarthas san iniúchadh, nó an chuma ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid neamh-chomhsheasmhacht ábhartha dealraitheach nó míshonrú ábhartha, ceanglaítear orainn nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtuigimid go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fhír sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn bunaithe ar na freagrachtaí seo.

Maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí, rinneamar breithniú freisin ar cibé ar cuireadh san áireamh na nochtuithe a cheanglaítear le hAcht na gComhlachtaí 2014.

Bunaithe ar na freagrachtaí a bhfuil cur síos orthu thuas agus ar an obair a rinneamar le linn an iniúchta, ceanglaítear ar ISAnna (Éire) agus Acht na gComhlachtaí 2014 orainn tuairimí agus nithe áirithe a thuairisciú freisin mar a mhínítear thíos:

- Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh í de réir na gceanglas dlíthiúil is infheidhme.
- Bunaithe ar ár n-eolas agus ár dtuiscint ar an gComhlacht agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an “Cód Cleachtais”)

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an “Cód Cleachtais”) tá sé de cheangal orainn tuairisc a thabhairt duit mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh sa Ráiteas um Rialú Inmheánach Tuarascáil na Stiúrthóirí’ comhlíonadh an Comhlacht le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis an bhfreagracht seo.

Freagrachtaí as na ráitis airgeadais agus as an iniúchadh

Freagrachtaí na Stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i bhFreagracht na Stiúrthóirí as Ráitis Airgeadais atá leagtha amach ar leathanach 13, tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata infheidhmithe agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus ag baint úsáide as an mbonn gnóthas leantach cuntasaióchta mura bhfuil sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Comhlacht a leachtú nó a úsáid nó deireadh a chur le hoibríochtaí nó gan aon rogha réalaíoch a bheith agat ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí iniúcháirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAs (Éire) míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míshonrú a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

42 Tuarascáil iniúchóra neamhspleách do bhail Chomhlacht Chalafoirt Átha Cliath

(ar lean)

Is cásanna de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialacháin iad neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois. Dearaimid nósanna imeachta de réir ár bhfreagrachtaí, atá leagtha amach thuas, chun míshonruithe ábhartha a bhrath maidir le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois. Sonraítear thíos a mhéid is féidir lenár nósanna imeachta neamhrialtachtaí a bhrath, lena n-áirítear calaois.

Bunaithe ar ár dtuiscint ar an gComhlacht agus ar an tionscal, d'aithníomar gurb iad na príomhrioscaí a bhain le neamhchomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán a bhaineann le sárúithe ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta, agus mheasamar a mhéid a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag neamhchomhlíonadh ar na ráitis airgeadais. Rinneamar breithniú freisin ar na dlíthe agus na rialacháin sin a bhfuil tionchar díreach acu ar ullmhú na ráiteas airgeadais amhail Acht na gComhlachtaí 2014 agus an reachtaíocht chánach ábhartha. Rinneamar meastóireacht ar dhreasachtaí agus ar dheiseanna na bainistíochta chun na ráitis airgeadais a ionramháil go calaoiseach (lena n-áirítear an riosca go ndéanfaí rialuithe a shárú), agus chinneamar go raibh baint ag na rioscaí bunairgid le postáil iontrálacha dialainne míchuí chun torthaí airgeadais a ionramháil agus claontacht bhainistíochta fhéideartha i meastacháin chuntasaíochta. I measc na nósanna imeachta iniúchta a rinne an fhoireann rannpháirtíochta bhí:

- Cainteanna leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca, leis an mbainistíocht agus le hiniúchadh inmheánach lena n-áirítear fiosrú aon chásanna aitheanta nó amhrasta de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialacháin nó calaoise;
- Miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Stiúrthóirí agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a léamh;
- Cigireacht ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh a mhéid is a bhaineann siad leis na ráitis airgeadais;
- Measúnú a dhéanamh ar cibé an raibh fianaise ar chlaonadh bainistíochta a léiríonn riosca míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaouis;
- Iontrálacha dialainne a aithint agus a thástáil, lena n-áirítear iontrálacha ioncaim neamhchaighdeánacha agus teaghlaim chuntas neamhghnácha bunaithe ar ár measúnú riosca; agus
- Nósanna imeachta iniúchta a dhearadh chun gnéithe dothuartha a chorprú maidir le nádúr agus méid na nósanna imeachta iniúchta a dhéantar.

Tá teorainneacha bunúsacha leis na nósanna imeachta iniúchta a bhfuil cur síos orthu thuas. Is lú an seans go dtiocfaidh muid ar an eolas faoi chásanna de neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialacháin nach bhfuil neasghaolmhar le himeachtaí agus idirbhearta a léirítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaouis níos airde ná an riosca nach n-aimseofar earráid de bharr earráide, toisc go bhféadfadh ceilt d'aon ghnó a bheith i gceist le calaois, mar shampla, trí bhrionnú nó trí mhifhaisnéis intinníúil, nó trí chlaonpháirteachas.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh ár dtástáil iniúchta tástáil ar dhaonraí iomlána idirbheart agus iarmhéideanna áirithe, agus b'fhéidir teicnící iniúchta sonraí a úsáid. Mar sin féin, is éard atá i gceist leis de ghnáth ná líon teoranta míreanna a roghnú le haghaidh tástála, seachas tástáil a dhéanamh ar dhaonraí iomlána. Déanfaimid iarracht go minic díriú ar mhíreanna áirithe le haghaidh tástála bunaithe ar a méid nó ar a saintréithe riosca. I gcásanna eile, úsáidfimid sampláil iniúchta le cur ar ár gcumas teacht ar chonclúid faoin daonra óna roghnaítear an sampla.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin an IAASA ag: https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf

Tá an cur síos seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóirí.

Úsáid na tuarascála seo

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, do chomhaltáí an Comhlacht agus dóibh siúd amháin mar chomhlacht de réir alt 391 d'Acht na gComhlachtaí 2014 agus ní chun críche ar bith eile. Ní ghlacaimid, agus muid ag tabhairt na dtuairimí seo, freagracht as aon chríche eile nó as aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sé teacht chucu ach amháin nuair a aontaímid go sainráite lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairisciú riachtanach eile

Acht na gComhlachtaí 2014 tuairimí ar ábhair eile

- Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasáochta an Chomhlachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáochta.

Tuairisciú eisceachta eile

Luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí

Faoi Acht na gComhlachtaí 2014 ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nár nochtadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht sin. Níl aon eisceacht le tuairisciú againn ag éirí as an bhfreagracht seo.

John Dunne

ar son agus thar ceann PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla
Baile Atha Cliath

28 Márta 2024

Is aistriúchán é an leagan Gaeilge den tuarascáil iniúchta, chun críocha eolais, ar thuarascáil bhunaidh an Iniúcháora a eisíodh i mBéarla. Sa chás go bhfuil difríocht idir an leagan Béarla den tuarascáil seo agus aistriúchán uirthi go teanga seachas Béarla, is é an leagan Béarla a bheidh i réim.

44 **Breosláí HVO**

Chríochnaíomar triail rathúil céad bhabhta ag baint úsáide as Ola Glasraí Hidrea-chóireáilte (HVO), bithbhreosla ísealcharbóin a tháirgtear ó dhramhábhar is féidir a úsáid mar athsholáthar díreach ar ghnáthdhíosal muirí, i gceann dá Báid Phíolótacha. Meastar go gcuireann an tSeirbhís Phíolótach suas le 20% dár n-astuithe carbóin agus is aidhm shuntasach é seo le laghdú a dhéanamh air, ag teacht le spriocanna Fuinnimh Earnáil Phoiblí na hÉireann.





Beartais

Chuntasaióchta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaióchta a úsáideadh in ullmhú na ráiteas airgeadais leagtha amach thíos. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta airgeadais go léir atá curtha i láthair ach amháin má luaitear a mhalairt.

Bunús an ullmhúcháin

Ullmháiodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mar atá leasaithe ag tomhas na maoin infheistíochta agus sócmhainní agus dlíteanas airgeadais áirithe ar luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas.

Éilíonn ullmhú ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidfear príomh-bhoinn tuisceana áirithe maidir leis an todhchaí, agus príomhfhoinse eile de neamhchinnteacht meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin ar na Stiúrthóirí a breithiúnas a fheidhmiú agus beartais chuntasaióchta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm. Nochtar i nóta 3 na réimsí lena mbaineann leibhéal breithiúnais níos airde nó na réimsí ina bhfuil riosca suntasach ag toimhdí agus meastacháin a bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar mhéideanna carraireachta sócmhainní agus dlíteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

Gnóthas leantach

Ullmháitear na ráitis airgeadais rialála ar bhonn gnóthais leantaigh cuntasaióchta. Comhlíonann an Comhlacht a riachtanais chaipitil oibre ó lá go lá trína chúlchistí airgid agus a hiasachtaí. Bhreithnigh na Stiúrthóirí gníomhaíochtaí gnó an Chomhlachta agus conas a ghineann sé luach, mar aon leis na príomhthreochtaí agus fachtóirí ar dócha go mbeidh tionchar acu ar fhorbairt sa todhchaí, ar fheidhmíocht gnó lena n-áirítear leachtacht agus rochtain ar mhaoiniú. Tá na Stiúrthóirí tar éis machnamh cúramach a dhéanamh ar úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. Tar éis a measúnú, tuairiscíonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad sásta agus go measann siad go bhfuil sé cuí gur gnóthas leantach í an Comhlacht, a bhfuil dóthain acmhainní aici chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais. Agus an measúnú seo á dhéanamh rinne na Stiúrthóirí breithniú ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch reatha, rud a chruthaíonn éiginnteacht i gcónaí, go háirithe maidir le leibhéal an éilimh ar sheirbhísí an Chomhlachta agus staid airgeadais an Chomhlachta, lena n-áirítear sreabha airgid, staid leachtachta agus áiseanna iasachtaíochta. Léiríonn réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin an Chomhlachta, ag cur san áireamh athruithe réasúnta féideartha ar fheidhmíocht trádála, gur cheart go mbeadh an Comhlacht in ann oibriú laistigh de leibhéal a

chúlchistí airgid reatha agus a hiasachtaí. Níl aon éiginnteacht ábhartha sainaitheanta ag na Stiúrthóirí a chuir amhras suntasach ar an gcumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach thar thréimhse an mheasúnaithe. Ar an ábhar sin, leanann na Stiúrthóirí ag glacadh le bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Aithint ioncam

Tomhaistear ioncam ag luach cóir na comaoine faighte nó infhaighte agus is ionann é agus an méid infhaighte ar sheirbhísí a cuireadh ar fáil, lascaí agus lacáistí ceadaithe ag an Comhlacht agus cánacha breisluacha.

Aithníonn an Comhlacht ioncam nuair is féidir méid an ioncaim agus na gcostas a thomhas go hiontaoifa; is dócha go rachaidh sochair amach anseo chuig an eintiteas agus nuair a bheidh na sainchritéir a bhaineann le gach ceann de bhealaí díola an Chomhlachta comhlíonta, mar a thuairiscítear thíos.

Dleachtanna Calafóirt:

Eascaíonn ioncam ó Dhleachtanna Calafóirt ó tháillí ar úsáideoirí Calafóirt agus cuimsíonn sé dleachtanna earraí, dleachtanna árthaí agus príomhsheirbhísí eile a chuirtear ar fáil ar nós tarraingthe agus píolótaíocht. Gearrtar Dleachtanna Earraí de réir sceideal muirear atá bunaithe ar Aicmithe Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánacha. Gearrtar Dleachtanna Árthaí i dtaobh theacht árthaigh agus tá rátaí bunaithe agus inmhuirir ar ghlanonnáiste nó leath d'olltonnáiste an árthaigh, cibé acu is mó. Gearrtar Seirbhísí Tarraingthe agus Píolótaíochta bunaithe ar úsáid.

Aithnítear ioncam ó Dhleachtanna Calafóirt trí thagairt a dhéanamh don dáta ar tháinig an soitheach isteach sa Chalafort.

Cíosanna:

Eascaíonn ioncam cíosa go príomha as réadmhaoin chíosa a bhaineann leis an gCalafort agus aithnítear é faoi threoir na tréimhse lena mbaineann an cíos. Gearrtar cíos de réir théarmaí an chomhaontaithe cíosa.

Ioncam Eile:

Cuimsíonn ioncam eile atá san áireamh sa Láimhdeachas ná Táillí Cheadúnais agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse comhtháite agus Páirc Trucaíl an Chomhlachta. Aithnítear ioncam faoi threoir na tréimhse lena mbaineann an t-ioncam.

Ioncam Eile:

Tuillíonn an Comhlacht ioncam úis agus ioncam deontais freisin. Tugtar cuntas i leith gach ceann de na sruthanna ioncaim sin mar atá leagtha amach thíos:

Ioncam Úis:

Aithnítear ioncam úis trí mhodh an ráta úis ghlain. Cuirtear ioncam úis i láthair mar ‘ús infhaighte agus ioncam dá shamhail’ sa chuntas Brabúis agus Cailteanais.

Ioncam Deontais:

Cuireann an Comhlacht an tsamhail fabhráithe i bhfeidhm mar aitheantas ar ioncam deontais.

Aithnítear deontais a bhaineann le hioncam ar bhonn córasach thar na tréimhsí ina n-aithníonn an Comhlacht na costais ghaolmhara a bhfuil sé beartaithe an deontas a chúiteamh ina leith. Aithnítear deontas a thagann chun bheith infhaighte mar chúiteamh ar chostais tabhaithe cheana féin gan aon chostais ghaolmhara sa todhchaí san ioncam sa tréimhse ina mbíonn sé infhaighte.

Aithnítear deontais a bhaineann le sócmhainní in ioncam ar bhonn córasach thar shaolré ionchais measta na sócmhainne. Sa chás go ndéantar cuid de dheontas a bhaineann le sócmhainn a iarchur, aithnítear é mar ioncam iarchurtha agus ní asbhaintear é ó suim ghlanluacha na sócmhainne.

Ní aithnítear deontais go dtí go mbíonn cinnteacht réasúnta:

- (a) comhlíonfaidh an Comhlacht na coinníollacha a bheidh ag gabháil leo; agus
- (b) gheofar na deontais.

Nuair a bhíonn deontas inaisíoctha aithnítear é mar dhliteanas nuair a chomhlíonann an aisíocáocht an sainmhíniú ar dhliteanas.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

(i) Costas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide dímheas cnuasaithe agus cailteanais bearnaithe cnuasaithe.

Áirítear leis an gcostas an bunphraghas ceannaigh, costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí a suíomh oibre agus riocht lena húsáid bheartaithe, costais díchóimeála agus athchóirithe agus costais iasachtaithe arna gcaipitliú. Áirítear le sócmhainní seasta inláimhsithe costais chaipitlithe fostaithe, úis agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

Is iad sócmhainní bonneagair ná na sócmhainní sin atá tréithrithe mar shaol úsáideach beagnach gan teorainn a bheith acu agus a tógadh, go ginearálta, roinnt blianta ó shin ach nach cosúil go dtógfaí mar sin sa lá atá inniu ann. Ina measc tá sócmhainní Balla an Bhulla Thuaidh agus Balla an Bhulla Theas. Iompraítear sócmhainní bonneagair ag luacháil nialasach agus gearrtar costas a gcothabhála ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais. Déanfar caipitliú ar aon chaiteachas feabhsaithe suntasach amach anseo ar shócmhainní bonneagair.

(ii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Riomhtar dímheas ar shócmhainní, agus úsáid á baint as modh na líne díri, chun an costas a leithdháileadh ar a luachanna iarmharacha thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

Foirgnimh, céanna, bóithre agus críochfoirt	50 bliain
Struchtúir duga, dugaí tirime agus céanna	30 - 50 bliain
Dreidireacht chaipitil	30 bliain
Ceardaíocht Comhlúthach	suas go 30 bliain
Craenacha	suas go 30 bliain
Gléasra agus innealra	2 - 30 bliain

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha agus saol úsáideach na sócmhainní, agus déantar iad a choigeartú, más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Is ar bhonn ionchasach a thugtar cuntas i leith éifeacht aon athraithe.

(iii) Breiseanna ina dhiaidh sin agus comhpháirteanna móra

Ní áirítear costais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear iniúchtaí móra, i suim ghlanluacha na sócmhainne nó aithnítear iad mar shócmhainn ar leith, de réir mar is cuí, ach amháin nuair is dócha go sreabhfaidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír chuig an gComhlacht agus gur féidir an costas a thomhas go hiontaoifa.

Dí-aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte athsholáthair. Déileáiltear le mór-chomhpháirteanna mar shócmhainn ar leith sa chás go bhfuil patrúin tomhaltais suntasacha éagsúla acu maidir le sochair eacnamaíocha agus déantar iad a dhímheas ar leithligh thar a saolré úsáideach.

Cláraítear mar chaiteachas costais deisiúcháin, cothabhála agus mionchigireachta de réir mar a fhulaingítear iad.

(iv) Sócmhainní le linn tógála

Is ag costas a iompraítear sócmhainní le linn tógála. Ní dhéantar na sócmhainní sin a dhímheas go mbeidh siad ar fáil le húsáid.

(v) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint nuair a dhiúscaítear iad nó áit nach bhfuil súil le haon tairbhí eacnamaíocha amach anseo. Ar dhiúscairt, aithnítear an difríocht idir na glanfháltais diúscairtha agus an tsuim ghlanluacha sa bhrabús nó cailteanas.

(ar lean)

Costais iasachta

Déantar costais iasachta i leith tógáil sócmhainní seasta inláimhsithe atá inchurtha go díreach a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Cuirtear tús le caipitliú nuair a thabhaítear costais airgeadais agus caiteachais don tsócmhainn agus nuair atá gníomhaíochtaí atá riachtanach chun an tsócmhainn a fháil réidh lena húsáid ar siúl. Cuirtear deireadh le caipitliú i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí go léir is gá chun an tsócmhainn atá réidh le húsáid a fháil críochnaithe go substaintiúil.

Dreidireacht

Déantar dreidireacht chaipitiúil, a fheabhsaíonn rochtain nó bonneagar an Chalafoirt, a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus déantar é a dhímheas thar a shaolré úsáideach measta.

Réadmhaoin infheistíochta

Déanann an Comhlacht tomhais ar mhaoin infheistíochta ag a gcostas ar tús-aitheantas. Tá an costas as maoin infheistíochta cheannaithe déanta suas dá praghas ceannaigh agus d'aon chostas atá inchurtha díreach ina leith ar nós táillí gairmiúla as seirbhísí dlí, cánacha um aistriú maoine agus costais idirbhirt eile. Cláraítear costais arna bhfulaingt agus staidéir mhargaidh á ndéanamh sula gceannaítear maoin de réir mar a fhulaingítear iad.

Déantar maoine infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa gan chostas nó iarracht mhíchúí, a thomhas ag luach cóir ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe ar luach cóir i mbrabús nó i gcaillteanas.

D'fhostaigh an Comhlacht speisialtóirí luachála neamhspleácha chun luach cóir na maoine infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2023 a chinneadh. Mínítear tuilleadh i nóta 12 ar na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh chun luach cóir na maoine infheistíochta a chinneadh.

Sócmhainní doláimhsithe

Iompraítear bogearraí ríomhaire ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus cailiteanais bhearnaithe carntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a shaolré úsáideach measta, 10 mbliana, ar bhonn líne díri. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. I gcás ina léiríonn fachtóirí, amhail dul chun cinn teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna an mhargaidh, go bhfuil athrú tagtha ar shaolré úsáideach na mbogearraí, leasaítear an saol úsáideach go hionchasach chun na cúinsí nua a léiriú. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta doláimhsithe le haghaidh bearnaithe má thugtar le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta doláimhsithe a bheith lagaithe.

Lagú sócmhainní neamhairgeadais

Ag gach dáta Clár Comhardaithe déantar sócmhainní neamhairgeadais nach bhfuil tugtha anonn ag luach cóir a mheasúnú chun a chinneadh an bhfuil comhartha ann go bhféadfadh lagú a bheith ar an tsócmhainn (nó ar aonad giniúna airgid na sócmhainne). Má tá a leithéid de chomhartha ann meastar luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is é luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) ná luach cóir na sócmhainne lúide costais agus luach úsáide na sócmhainne, cibé acu is airde. Is é an luach úsáide ná luach reatha na sreafaí airgid don todhchaí a meastar go gcinfidh siad ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an t-aonad giniúna airgid) agus óna diúscairt sa deireadh. Agus luach úsáide á thomhas déantar sreafaí airgid réamhchánach agus úis a lascainiú trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin sreafa airgid amach anseo coigeartaithe ina leith.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an tsuim ghlánluacha, laghdaítear an méid carraeireachta go dtí an tsuim in-aisghabhála. Aithnítear cailiteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Cailiteanais ach amháin má dhéantar an tsócmhainn a athluacháil nuair a aithnítear an tsuim in Ioncam Cuimsitheach Eile go dtí méid aon athluachála a aithníodh roimhe seo. Ina dhiaidh sin aithnítear aon bharrachas i mbrabús nó cailiteanas.

Má bhíonn aisiompú i gceist le cailiteanas bearnúcháin ag tráth níos déanaí, méadaítear glánluach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) chuig meastachán athbhreithnithe a méid inaisghabhála, ach ní dhéantar amhlaidh ach amháin sa mhéid nach sáraíonn an glánluach athbhreithnithe an glánluach a dhéanfaí a shocrú (glán ó dhímheas) mura n-aithneofaí aon chailiteanas bearnúcháin i dtréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú maidir le cailiteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Cailiteanais, ach amháin má thugtar ar aghaidh an tsócmhainn ag méid athluacháilte.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Áirítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí arna sealbhú ar ghlaodhualgas le bainc agus infheistíochtaí ardleachta gearthéarmacha eile a bhfuil aibíochtaí bunaidh de thrí mhí nó níos lú acu. Maidir le taiscí bainc a bhfuil dátaí aibíochta tosaigh acu de níos mó ná trí mhí, ní airgead ná coibhéisí airgid iad agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainne reatha.

Fardail

Sonraítear fardail ag costas. Is míreanna intomhalta iad fardail agus aithnítear mar speansas iad sa tréimhse ina n-úsáidtear iad.

Áirítear leis an gcostas an costas ceannaigh, agus áit is cuí, dleachtanna ar allmhairí agus costais iompair.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar fardail a mheas le haghaidh lagaithe. Má tá lagú ar mhír fhardail, laghdaítear an fardal sainaitheanta go dtí a mhéid in-aisghabhála agus aithnítear muirear bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais. Sa chás go n-aithnítear aisiompú an bhearnúcháin déantar an muirear bearnúcháin a fhreaschur, suas go dtí an bunchaillteanas bearnúcháin, agus aithnítear é mar chreidmheas sa chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Airgeadraí eachtracha

i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Chomhlachta ná an euro, agus é ainmnithe ag an tsiombail “€” agus mura sonraítear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais tuairiscithe sna mílte (‘000).

ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go dtí an t-airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as rátaí malairte ar an láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse aistrítear míreanna airgid airgeadra go Euro agus an ráta reatha á úsáid. Aistrítear míreanna neamhairgid arna dtomhas ag costas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbheart agus déantar míreanna neamhairgid arna dtomhas ag luach cóir a thomhas agus úsáid á baint as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir.

Aithnítear sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí ag eascairt ó shocrú idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i láthair sa chuntas Brabúis agus Caillteanais faoi ‘ús iníochta/infhaighte’. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile i láthair sa chuntas Brabúis agus Caillteanais i ‘speansais riaracháin’.

Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Comhlacht raon sochar d’fhostaithe, lena n-áirítear sochair fostaithe gearrthéarmacha ar nós socrúithe saoire le pá agus sochair iarfhostaíochta amhail pleananna pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochtaí sainithe.

(i) Sochair ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá agus tuarastail, pá saoire agus sochair neamhairgeadais eile dá shamhail a aithint mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

Feidhmíonn an Comhlacht plean pá feidhmíochta d’fhostaithe áirithe. Aithnítear speansas sa chuntas Brabúis agus Caillteanais nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe faoi láthair ar an gComhlacht íocaíochtaí a dhéanamh faoin bplean mar thoradh ar imeachtaí san am a chuaigh thart agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an oibleagáid.

ii) Sochair iarfhostaíochta

Plean ranníocaíochtaí sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht plean ranníocaíochta sainithe dá fostaithe. Is plean pinsin é plean ranníocaíochtaí sainithe faoina n-íocann an Comhlacht ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leith. Nuair a bhíonn na ranníocaíochtaí íochta níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ag an Comhlacht. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh sna fabhruithe sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ón gComhlacht i gcostaí a riarat go neamhspleách.

Plean pinsin le sochair sainithe

Feidhmíonn an Comhlacht pleananna sochair shainithe d’fhostaithe áirithe. Sainmhíonann plean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar scor, de ghnáth ag brath ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear aois, fad seirbhíse, agus luach saothair. Is é atá i bplean sochair sainithe ná plean pinsin nach plean ranníocaíochta sainithe é. Is é an dliteanas a aithnítear sa Chlár Comhardaithe i dtaobh an phlean sochair sainithe ná luach reatha an oibleagáid sochair sainithe ag deireadh an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta tuairiscithe.

Déantar an oibleagáid sochair sainithe a ríomh agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

(ar lean)

Fostaíonn an Comhlacht achtúirí neamhspleácha go bliantúil chun an dualgas a ríomh. Cinntear an luach reatha trí lascainiú a dhéanamh ar íocaíochtaí measta na todhchaí ag baint úsáide as torthaí an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán atá ainmnithe in Euro agus a bhfuil téarmaí acu atá gar do thréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo.

Déantar luach cóir shócmhainní an phlean a thomhas de réir ordlathas luacha chóir FRS 102 agus de réir bheartas an Comhlacht do shócmhainní ar an gcuma chéanna. Maidir leis an gcuid is mó de shócmhainní plean is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Áit nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil baintear úsáid as teicnící cuí um luacháil chun an luach cóir a mheas. Is í an tsócmhainn a aithnítear sa Chlár Comhardaithe maidir leis an bplean sochair shainithe ná luach cóir shócmhainní an phlean ag dáta an chláir chomhardaithe lúide an oibleagáid sochair shainithe ag deireadh dháta an chláir chomhardaithe. Tá an tsócmhainn pinsin in-aisghabhála trí rátaí ranníocaíochta amach anseo a choigeartú nó nuair a fhoirceannantar na scéimeanna.

Tá costas an phlean sochair sainithe, atá aitheanta i mbrabús nó cailiteanas mar chostais fostaí, ach amháin áit a bhfuil sé cuimsithe i gcostas sócmhainne, déanta suas mar seo a leanas:

- an méadú ar dhliteanas sochair phinsin ag eascairt ó sheirbhís an fhostaí le linn na tréimhse; agus
- an costas as tabhairt isteach an phlean, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Déantar an glanchostas úis a ríomh agus an ráta lascaine á chur i bhfeidhm ar ghlanchostas oibleagáid sochair sainithe agus luach cóir shócmhainní plean. Aithnítear an costas seo i mbrabús nó i gcaillteanas laistigh de ‘Ghlanchostas Úis’.

Maidir le gnóthachain agus cailiteanais achtúireacha ag eascairt ó choigeartuithe agus athruithe taithí ar bhoinn tuisceana achtúireacha cuirtear de mhúirear nó chun sochar loncain Chuimsithigh Eile iad. Cuirtear na méideanna sin i dteannta leis an toradh ar shócmhainní plean, lúide méideanna curtha san áireamh i nglanús, i láthair mar ‘atomhas ar ghlandliteanas sochair sainithe’ in loncam Cuimsitheach Eile.

Cánachas

Cuimsítear sa chostas cánachais le haghaidh na tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha arna n-aithint sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas Brabúis agus Cailiteanais, ach amháin sa mhéid go mbaineann sé le míreanna atá aitheanta in loncam Cuimsitheach Eile nó go díreach i gothromas. Sa chás seo, aithnítear cáin freisin in loncam Cuimsitheach Eile nó go díreach i gothromas faoi seach.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánachais reatha nó iarchurtha a lascainiú.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncain is iníochta ar an mbrabús inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe sin. Déantar an cháin a thomhas ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an bhainistíocht meastóireacht go tréimhsiúil ar na staideanna a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil rialachán cánach infheidhmithe faoi réir léirmhíneithe. Bunaítear leis forálacha nuair is iomchuí ar bhonn na méideanna a mheastar a bheidh le hioc leis na húdarais chánach.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascaíonn cáin iarchurtha as difríochtaí uainiúcháin ar difríochtaí iad idir brabúis inchánach agus loncam Cuimsitheach iomlán mar a shonraítear sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difríochtaí uainiúcháin sin ó chuimsiú ioncain agus costas sna measúnachtaí cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin go léir ag an dáta tuairiscithe faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailiteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú dliteanais chánach iarchurtha nó brabúis inchánach eile amach anseo.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus a mheastar a bheidh infheidhme i leith aisiompú na difríochta uainiúcháin.

Míreanna eisceachtúla

Sainnítear míreanna eisceachtúla ar leithligh i gCuntas Brabúis agus Cailiteanais an Chomhlachta. Is éard is míreanna eisceachtúla ann ná na nithe sin inár mbreithiúnas ar gá iad a nochtadh ar leithligh de bhua a méid, a nádúr nó a minicíochta. Creideann an Comhlacht go soláthraíonn an cur i láthair seo anailís bhreise mar go leagtar béim ar mhíreanna eisceachtúla. I measc na míreanna sin tá gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní agus costais as athstruchtúrú gnó sa mhéid is go bhfuil siad suntasach.

Chuige sin úsáidtear fachtóirí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun ‘míreanna eisceachtúla’ a shocrú de réir mar a shainíonn muid féin iad. Úsáideann an Comhlacht breithiúnas agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe, a nochtar i gCuntas Brabúis agus Cailiteanais an Chomhlachta agus nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla de bhua a méide, a gcineál agus a dteagmhas.

Athaicmiú

Rinneadh méideanna ábhartha áirithe ón mbliain roimhe a athaicmiú chun iad a ailíniú le cur i láthair na míreanna sin sa tréimhse reatha.

Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Comhlacht glacadh le hAilt 11 agus 12 de FRS 102 maidir le hionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear bunsócmhainní airgeadais, lena n-áirítear infháltais trádála agus eile, iarmhéideanna airgid thirim agus bainc agus taiscí gearrthéarmacha, ar phraghas an idirbhirt ar dtús, ach amháin más idirbheart maoinithe atá sa socrú, i gcás ina ndéantar an t-idirbheart a thomhas ag luach láithreach na bhfáltas todhchaí a lascainiú ag ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

Déantar a leithéid de shócmhainní a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an úis ghlain á úsáid.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta a mheas le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Má tá sócmhainn lagaithe is é an cailteanas lagaithe an difríocht idir an tsuim ghlanluacha agus luach láithreach na sreafaí airgid measta a lascainítear ag ráta úis éifeachtúil bunaidh na sócmhainne. Aithnítear an cailteanas lagaithe i mbrabús nó cailteanas.

Más amhlaidh, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaítear méid chailteanas lagaithe agus gur féidir ceangal oibiachtúil a dhéanamh idir an laghdú agus imeacht a tharla tar éis gur aithníodh an lagú cealaítear an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin. Bíonn an oiread freaschuir i gceist nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha mura mbeadh an bearnú aitheanta roimhe seo. Aithnítear an freaschur lagaithe mar bhrabús nó mar chailteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint nuair (a) nuair a théann na cearta conarthacha ar shreabhadh airgid na sócmhainne in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear go substaintiúil na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile nó (c) nuair a aistrítear rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile a bhfuil an cumas praiticiúil aige an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dliteanais airgeadais

Aithnítear bundliteanais airgeadais, lena n-áirítear nithe trádála agus nithe iníoctha eile agus iasachtaí bainc ag praghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe é an socrú, i gcás ina ndéantar an ionstraim fiachais a thomhas ag luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaí arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

Déantar na dliteanais sin a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an ráta úis ghlain á úsáid.

Aithnítear táillí a íoctar ar bhunú saoráidí iasachtaí mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go mbeidh cuid den tsaoráid nó í go léir tarraingthe anuas. Sa chás seo, tá an táille iarchurtha go dtí go dtarlóidh an tarraingt anuas. Déantar costais agus táillí idirbhearta a amúchadh thar shaolré na hiasachta.

Is ionann nithe iníoctha trádála agus oibleagáidí chun íoc as earraí nó seirbhísí a fuarthas i ngnáthchúrsa gnó ó sholáthróirí. Aicmítear cuntais iníoctha mar dhliteanais reatha má tá an íocaíocht dlite taobh istigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhliteanais neamhreatha. Aithnítear méideanna iníoctha trádála ar dtús ar phraghas idirbhirt agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta trí mhodh an úis ghlain.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear deireadh leis an dliteanas, is é sin, nuair a dhíscaoiltear an oibleagáid chonarthach, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

(iii) Fritháireamh

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus na glanmhéideanna a chur i láthair sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn ceart infhorghníomhaithe chun na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil rún ann socrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus socrú faoi dhliteanas ag an am céanna.

(ar lean)

Soláthairtí agus teagmhais

Is ionann soláthairtí agus dliteanais a bhfuil uainiú nó méid éiginnte acu.

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an gComhlacht mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart, gur dócha go mbeidh gá le haistriú sochair eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaoifa.

Déantar soláthairtí a thomhas ag luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a réiteach trí úsáid a bhaint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar soláthairtí a athbhreithniú ag deireadh gach bliana airgeadais agus a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a réiteach a léiriú. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais i mbrabús nó caillteanas, agus é curtha i láthair mar chuid de 'ús iníoctha agus muirir chosúla' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé chun cinn.

Nuair atá roinnt oibleagáidí comhchosúla ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh gá le heis-sreabhadh mar shocrú, cinntear é trí aicme na n-oibleagáidí a bhreithniú ina hiomláine.

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn mar thoradh ar imeachtaí san am a chuaigh thart, mar dhliteanas toisc nach dócha go mbeidh ar an Comhlacht sochair eacnamaíocha a aistriú mar shocrú ar an oibleagáid nó nach féidir an méid a thomhas go hiontaoifa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha ach éiginnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlódh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlódh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

Dáiltí chuig sealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní agus dáiltí eile chuig scairshealbhóirí an Chomhlachta mar dhliteanas sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina gceadaíonn scairshealbhóirí an Chomhlachta na díbhinní agus na dáileacháin eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas mar athruithe ar chothromas. Aithnítear díbhinní eatramhacha nuair a íoctar iad.

Scairchaipiteal

Rangaítear gnáthscaireanna mar chothromas agus aithnítear iad ag na fáltais a fhaightear. Taispeántar costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith eisiúint gnáthscaireanna nó gnáthroghanna nua i gcothromas mar asbhaint, glan ó cháin, ó na fáltais.

Cuntais Tuála


Is ionann ioncam tuála agus ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Áirítear le costais tuála ábhair dhíreacha, saothar díreach agus sciar cuí de na forchostais ábhartha, arna gcionroinnt ar an mbonn seo a leanas:

Forchostas	Bonn na cionroinnte
Rátaí	Meánúsáid in aghaidh an tuga
Árachas	% den ioncam tuála
Leictreachas	Meánúsáid in aghaidh an tuga
Teileachumarsáid	% d'iomlán nateileachumarsáide
Riarachán	% de chostas iomlán na ndíolachán le haghaidh tuála

Cuntais phiolótaíochta

Is ionann ioncam phiolótaíochta agus ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Is ionann costais phiólótacha agus ábhair dhíreach, saothar díreach agus cion cuí de na forchostais ábhartha leithdháilte ar an mbonn seo a leanas:

Forchostas	Bonn na cionroinnte
Rátaí	Úsáid ar an meán in aghaidh long phiolótaíochta
Árachas	% ioncaim phiolótaíochta
Leictreachas	Meánúsáid in aghaidh an turais
Teileachumarsáid	% d'iomlán na teileachumarsáide
Riarachán	% de chostas iomlán na ndíolachán don phiolótaíocht



Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Láimhdeachas	5	101,441	101,477
Costas díolachán		(44,918)	(40,720)
Brabús Comhlán		56,523	60,757
Speansais riaracháin		(16,526)	(15,715)
Gluaiseacht luacha chóir ar réadmhaoin infheistíochta	12	(1,315)	(850)
Brabús Oibriúcháin	7	38,682	44,192
Míreanna Eisceachtúla	8	-	10,000
Brabús roimh Ús agus Cánachas		38,682	54,192
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	6	4,571	1,011
Ús iníoctha agus costas comhchosúil	6	(8,234)	(6,691)
Glanchoas Úis		(3,663)	(5,680)
Brabús roimh Chánachas		35,019	48,512
Cáin ar bhrabús	10	(5,525)	(7,175)
Brabús don Bhliain Airgeadais		29,494	41,337

Ba ó ghníomhaíochtaí leantacha amháin a d'éascair Láimhdeachas agus Brabús Oibriúcháin.

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais		29,494	41,337
(Cailteanas)/gnóthachan atomhais aitheanta ar oibleagáidí sochair sainithe	31	(7,522)	5,185
Cáin iarchurtha bainteach le cailteanas/(gnóthachan) atomhais ar oibleagáidí sochair sainithe	10	940	(648)
Ioncaim/(costas) chuimsithigh eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin		(6,582)	4,537
Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain airgeadais		22,912	45,874

Amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	11	741,419	694,719
Réadmhaoin infheistíochta	12	7,000	8,315
Sócmhainní doláimhsithe	13	435	329
		748,854	703,363
Sócmhainní reatha			
Talamh forbraíochta infhaighte	14	1,246	1,246
Fardail	15	875	709
Féichiúnaithe - Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	16	22,567	20,874
Airgead sa bhanc agus ar láimh		199,516	227,881
Sócmhainn phinsin shochair shainithe (dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	17	52,781	57,869
		276,985	308,579
Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin	18	(22,275)	(24,057)
Glansócmhainní reatha		254,710	284,522
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		1,003,564	987,885
Creidiúnaithe - Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin	19	(383,632)	(389,344)
Soláthairtí le haghaidh dliteanas			
Soláthairtí le haghaidh dliteanais Eile	22	(17,646)	(16,917)
Glansócmhainní		602,286	581,624
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas	23	14,464	14,464
Cúlchiste um thiontú caipitil	23	119	119
Cuntas brabúis agus cailleanais	23	586,985	566,323
Ranníocaíocht chaipitiúil	23	718	718
Iomlán an chothromais		602,286	581,624

D'údaraigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanaigh 46 go 84 le heisiúint an 28 Márta 2024 agus síníodh iad thar a cheann.

Thar ceann an Bhoird

Jerry Grant, Cathaoirleach

Barry O'Connell, Príomhfheidhmeannach

28 Márta 2024

Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nóta	Scairchaipite al glaoite €'000	Cúlchiste um thionú caipitil €'000	Ranníocaíocht chaipitiúil €'000	Cuntas brabús agus cailteanais €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2022	23	14,464	119	718	520,449	535,750
Brabús na bliana		-	-	-	41,337	41,337
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	-	-	4,537	4,537
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		-	-	-	45,874	45,874
Dibhinní	9	-	-	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022	23	14,464	119	718	566,323	581,624
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2023	23	14,464	119	718	566,323	581,624
Brabús na bliana		-	-	-	29,494	29,494
Costas Cuimsitheach eile		-	-	-	(6,582)	(6,582)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		-	-	-	22,912	22,912
Dibhinní	9	-	-	-	(2,250)	(2,250)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023	23	14,464	119	718	586,985	602,286

58 Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023

Comhlacht Chalafort Átha Cliath | Tuascaíl Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Glanmhéid airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Cáin íoctha	24	55,531 (4,086)	57,842 (6,879)
Glanairgead ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		51,445	50,963
Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní inláimhsithe		(65,530)	(45,485)
Ceannach sócmhainní doláimhsithe		(198)	(137)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		75	-
Fáltais ó thalamh forbraíochta faighte sa bhliain	8	-	10,000
Deontais a fuarthas		-	12
Ús faighte		2,239	104
Glanmhéid airgid thirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(63,414)	(35,506)
Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Fáltais ó eisiúint bannaí Sinsearacha Aicme A neamhurraithe		-	100,000
Aisiocaíocht áiseanna téarma fiachais		(5,263)	(5,273)
Díbhinní íoctha	9	(2,250)	-
Ús íoctha agus táillí cosúla		(8,883)	(6,271)
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(16,396)	88,456
(Glanlaghdú)/Glanhéadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		(28,365)	103,913
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		227,881	123,968
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		199,516	227,881
Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		199,516	227,881
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		199,516	227,881

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Is ionann ráitis airgeadais na hÉireann agus aistriúchán, chun críocha eolais, ar na bunráitis airgeadais reachtúla ISA (Éire) a ullmhaíodh i mBéarla.

1. Faisnéis ghinearálta

Soláthraíonn Comhlacht Chalafort Átha Cliath an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus an áit chrua chun freastal ar riachtanais na limistéar maidir le haistriú éifeachtach earraí agus paisinéirí idir modhanna iompair ar an talamh agus ar muir.

Gintear ioncam maidir le soláthar na n-áiseanna seo ó dhleachtanna árthaigh, dleachtanna earraí, cíos, agus príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tarraingt agus píolótaíocht.

Tá an Comhlacht corpraithe agus sainchónaí i bPoblacht na hÉireann faoin uimhir comhlacht cláraithe 262367. Is é seoladh a hoifige cláraithe ná Ionad an Chalafoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

2. Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, modhnaithe chun míreanna áirithe a áireamh ag luach cóir, agus de réir Acht na gComhlachtaí 2014 agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (FRS 102), agus Acht na gComhlachtaí, 2014.

3. Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla agus beartais chuntasaíochta an Chomhlachta á gcur i bhfeidhm

Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thairbhí stairiúil agus tosca eile, lena n-áirítear imeachtaí sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leo, a mheastar a bheith réasúnta sa chás áirithe sin.

Déanann an Comhlacht meastacháin agus boinn tuisceana maidir leis an todhchaí. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta a leanann as sin comhionann leis na torthaí iarbhir gaolmhara. Tugtar aghaidh thíos ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana a bhfuil riosca suntasach ag baint leo go ndéanfaí coigeartú ábhartha ar mhéideanna carraireachta na sócmhainní agus na ndlíteanas laistigh den bhliain airgeadais seo chugainn:

(i) Saol úsáideach eacnamaíoch sócmhainní inláimhsithe

Tá an muirear dímhéasa bliantúil do shócmhainní inláimhsithe íogair d’athruithe ar shaolréanna úsáideacha eacnamaíocha measta agus ar luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar na saolta eacnamaíocha úsáideacha agus na luachanna iarmharacha a athmhéasúnú go bliantúil agus leasaítear iad nuair is gá. Féach nóta 11 le haghaidh suim carraireachta shócmhainní inláimhsithe an Chomhlachta agus na Beartais Chuntasaíochta le haghaidh na saolta eacnamaíocha úsáideacha do gach aicme sócmhainní.

(ii) Scéim pinsin le sochar sainithe

Tá oibleagáid ar an gComhlacht sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar seo agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, arduithe pinsin, boilsciú agus an ráta lascaine. Tomhaistear na sócmhainní pinsin ag luach cóir ag deireadh gach bliana airgeadais. Déanann an bhainistíocht na fachtóirí seo a mheas agus luach láithreach na hoibleagáide pinsin sochair sainithe á chinneadh. Léiríonn na toimhdí tairbhí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach nóta 31 le haghaidh na nochtuithe maidir leis an scéim pinsin le sochair sainithe.

(iii) Maoin Infheistíochta

Luaitear iad seo ag luach an mhargaidh oscailte agus déantar iad a athluacháil go bliantúil. De réir FRS102, ní dhéantar maoin infheistíochta a dhímheas. Is féidir le hathruithe ar luach cóir maoine infheistíochta tionchar suntasach a bheith acu ar an ngnóthachan nó ar an gcaillteanas luach cóir a aithnítear sa bhliain airgeadais. Féach nóta 12 le haghaidh suim tugtha anonn mhaoin infheistíochta an Chomhlachta.

4. Sócmhainní agus dlíteanas arna bhfáil ar an Lá Dilsithe

Faoi fhorálacha an Acha Cuanta, 1996, ghlac an Comhlacht na feidhmeanna a bhí ar bun ag iar-Bhord Chalafort agus Duganna Bhaile Átha Cliath ar an 3 Márta 1997 (“Lá Dilsithe”).

Ansin shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha mar a bhí ann ag an am, an costas don Chomhlacht as sócmhainní arna bhfáil ar an Lá Dilsithe. Tógadh ar láimh dlíteanas (pinsin agus deontais chaipitil) ag a méideanna iarbhir nó socraithe. Áirítear le dlíteanas pinsin (féach nóta 31) iad siúd i dtaobh theidilíochtaí pinsin roimh an Lá Dilsithe de chuid fhostaithe an Chomhlachta agus pinsinéirí reatha agus iarchurtha an aonáin a bhí ann roimhe, Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Aistriodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Píolótaíochta, a bunaíodh faoin Acht Píolótaíochta 1913, trí oibriú an dlí chuig Comhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil 1997, faoin Ordú um an Acht Cuanta, 1996 (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 1997.

Sásáíodh an chomaoin do na glansócmhainní a aistriodh chuig an gComhlacht nuair a cruthaíodh agus nuair a eisíodh 6.023 milliún gnáthscair de IRE1 (€1.27) gach ceann íochta go hiomlán. Tá gnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile i seilbh an Aire Iompair ar an 31 Nollaig 2023.

60 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

5. Láimhdeachas

	2023 €'000	2022 €'000
De réir aicme gnó (iad go léir laistigh de Phoblacht na hÉireann)		
Dleachtanna Tonnáiste Long	13,789	13,454
Dleachtanna Earraí	57,099	55,562
Muirir Bhonneagair Calafóirt	70,888	69,016
Dleachtanna Calafóirt Eile	11,896	15,740
Cíosanna	17,444	15,725
Ceadúnais	774	706
Eile	439	290
	101,441	101,477

6. Ioncam/Costas Úis

	2023 €'000	2022 €'000
a) Ús iníoctha agus costais chomhchosúla:		
- Ús iníoctha ar iasachtaí bainc	(1,543)	(1,616)
- Ús ar bhannaí sinsearacha neamhurraithe	(7,218)	(5,995)
- Ús iníoctha eile	(40)	(512)
Iomlán le híoc	(8,801)	(8,123)
Ús iníoctha caipitlithe	567	1,432
Ús iomlán iníoctha agus costais dá samhail	(8,234)	(6,691)
b) Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil:		
- Ús infhaighte	2,125	322
- Glanioncam úis ar shochair scoir (<i>féach nóta 31</i>)	2,446	689
Iomlán an úis infhaighte agus ioncam comhchosúil	4,571	1,011
c) Glanchostas Úis	(3,663)	(5,680)

7. Brabús Oibriúcháin

	2023 €'000	2022 €'000
Thángthas ar an bhfigiúr don Bhrabús Oibriúcháin tar éis an méid seo a leanas a mhuirearú/(a chur chun sochair):		
Dímheas (<i>féach nóta 11</i>)	16,717	14,511
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (<i>féach nóta 13</i>)	92	108
Amúchadh deontas caipitil (<i>féach nóta 21</i>)	(452)	(454)
Caillteanas luacha chóir ar réadmhaoin infheistíochta (<i>féach nóta 12</i>)	1,315	850
Lagú sócmhainní inláimhsithe (<i>féach nóta 11</i>)	442	-
Caillteanas lagaithé ar infháltais trádála (<i>féach nóta 16</i>)	7	32
(Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt/díscríobh sócmhainní inláimhsithe	(75)	141
Díscríobh/lagú fardail (<i>féach nóta 15</i>)	(26)	26
Íocaíochtaí téarfa (<i>féach nóta 29</i>)	367	-

Luach saothair na nIníochóirí:

Seo a leanas an luach saothair (agus speansais san áireamh) as an iniúchadh reachtúil agus seirbhísí eile arna gcur ar fáil ag iniúchóirí an Chomhlachta:

	2023 €'000	2022 €'000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais an aonáin	74	70
Seirbhísí dearbhaithe eile	49	14
Seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchta iad	5	17
	128	101

Tacaíocht Sheachtrach agus Costais Chomhairliúcháin Speisialaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Comhairle Díl	363	206
Cáin agus Comhairle Airgeadais	98	107
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	699	259
Pinsean agus Acmhainní Daonna	325	447
Innealtóireacht	648	1,919
Timpeallachta	2,094	1,058
Eile	1,483	1,195

Costais Iomlána arna ngearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais

	5,710	5,191
Costais Chaipitlithe	12,797	7,538
Costais arna ngearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais	5,710	5,191
Costais Iomlána	18,507	12,729

62 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

7. **Brabús Oibriúcháin (ar lean)**

Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

	2023	2022
	€'000	€'000
Socruithe íoctha	603	45
Socruithe faighte	(17)	(17)
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí	176	-
Iomlán	762	28

Bunaithe ar chomhaontú socraíochta Ard-Chúirte ar thángthas air in 2023, bhí oibleagáid ar an gComhlacht íocaíochtaí áirithe a bhain le feidhmíocht de €415k a dhéanamh le iar-Phríomhfheidhmeannach as seirbhísí a soláthraíodh le linn a théarma oifige ó 2010 go 2022. Tá an socrú seo san áireamh thuas, ÁSPC fostóra san áireamh, agus tá sé nochta freisin i Luach Saothair na Stiúrthóirí i Nóta 28 leis na ráitis airgeadais. Thabhaigh an Comhlacht costais dlí freisin maidir leis an tsocraíocht seo arbh ionann €176k, mar a nochtadh thuas.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

	2023	2022
	€'000	€'000
Inmheánach		
- Bord	-	-
- Fostaithe	17	9
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	4
- Fostaithe	37	42
Iomlán	54	55

Caiteachas fáilteachais

	2023	2022
	€'000	€'000
Fáilteachas na bhFostaithe	86	100
Fáilteachas na gCliant	58	42
Iomlán	144	142

Scaoilíocaíochtaí

	2023	2022
	€'000	€'000
Scaoilíocaíochtaí	367	-

Baineann na scaoilíocaíochtaí thuas le socraíochtaí le 2 bhall foirne le linn na tréimhse tuairiscithe.

7. Brabús Oibriúcháin (ar lean)

Cuntais Tuála

Thug Parlaimint na hEorpa isteach an Rialachán um Sheirbhísí Calafóirt (Rialachán 2017/352) ar an 15ú Feabhra 2017. Bunaítear leis an Rialachán creat chun seirbhísí Calafóirt a sholáthar agus comhrialacha maidir le trédhearcacht airgeadais na gcalafort.

Tá cuntas Brabúis agus Cailteanais maidir le seirbhís tarraingthe an Chomhlachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023, mar aon le figiúirí comparáideacha do 2022, leagtha amach thíos.

	2023 €'000	2022 €'000
Láimhdeachas (<i>san áireamh i láimhdeachas Dleachtanna Calafóirt Eile – féach nóta 5</i>)	3,021	2,781
Costas díolachán	(1,709)	(1,732)
Brabús Comhlán	1,312	1,049
Speansais riaracháin	(957)	(932)
Brabús Oibriúcháin	355	117

Cuntais phiolótaíochta

Tá cuntas Brabúis agus Cailteanais maidir le seirbhís phiolótach an Chomhlachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023, mar aon le figiúirí comparáideacha do 2022, leagtha amach thíos.

	2023 €'000	2022 €'000
Láimhdeachas (<i>san áireamh i láimhdeachas Dleachtanna Calafóirt Eile – féach nóta 5</i>)	4,413	4,478
Costas díolachán	(2,501)	(2,589)
Brabús Comhlán	1,912	1,889
Speansais riaracháin	(647)	(659)
Brabús Oibriúcháin	1,265	1,230

8. Míreanna Eisceachtúla

In 2022 fuair an Comhlacht dáileadh de €10m faoin gComhaontú Forbartha a rinneadh i 1999 le Pointe Thoir an Iarla (*féach nóta 14*).

9. Dibhinn Íochta

	2023 €'000	2022 €'000
Dibhinn eatramhach íochta de €0.1945 in aghaidh na scaire (2022: €0.00 in aghaidh na scaire)	2,250	-

64 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

10. Cánachas

	2023 €'000	2022 €'000
(a) Speansas cánach curtha san áireamh i mBrabús agus Cailteanas		
Cáin reatha:		
Bunaithe ar bhrabúis ghníomhaíochta an Chalafoirt don bhliain: Cáin Chorpáraide ag ráta éifeachtach 12.5% (2022:12.5%)	(2,998)	(4,254)
Bunaithe ar ioncam éighníomhach Cáin Chorpáraide ag ráta éifeachtach 25% (2022:25%)	(910)	(2,944)
	(3,908)	(7,198)
Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe sin	52	169
Iomlán na cánach reatha	(3,856)	(7,029)
Cáin iarchurtha:		
Difríochtaí uainiúcháin idir ranníocaíochtaí pinsin íoctha agus pinsin a ghearrtar	(304)	(3)
Difríochtaí uainiúcháin ar Liúntais Chaipitiúla luathaithe	(1,365)	(143)
Iomlán na cánach iarchurtha	(1,669)	(146)
Muirear cánach iomlán	(5,525)	(7,175)
(b) Costas cánach san áireamh in Ioncam Cuimsitheach Eile		
Cáin iarchurtha		
- Cáin iarchurtha bainteach le cailteanas/(gnóthachan) atomhais ar phinsin sochair sainithe	940	(648)
Ioncam/(costas) iomlán cánach san áireamh in Ioncam Cuimsitheach Eile	940	(648)

10. Cánachas (ar lean)

(c) Muirear cánach a chomhréiteach

Tá an muirear iomlán as Cáin Chorporáide le haghaidh na bliana airgeadais níos airde (2022: níos airde) ná an muirear cánach iomlán a thioctadh as ráta caighdeánach Cháin Chorporáide na hÉireann a chur i bhfeidhm. Mínítear na difríochtaí thíos:

	2023 €'000	2022 €'000
Brabús roimh Cháin	35,019	48,512
Brabús roimh cháin arna iolrú ar an meánráta de Cáin Chorporáide na hÉireann don bhliain 12.5% (2022:12.5%)	(4,377)	(6,064)
Éifeachtaí:		
Cáin iarchurtha neamhaitheanta	(3)	955
Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach	(742)	(763)
Ioncam éighníomhach dlite do cháin ag 25%	(455)	(1,472)
Coigeartú i leith na bliana roimhe sin	52	169
Muirear cánach iomlán don tréimhse	(5,525)	(7,175)

66 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

11. Sócmhainní Inláimhsithe

	Tailte agus Foirgnimh €'000	Críochoirt €'000	Struchtúir Duga, Dugaí Tirime agus Céanna €'000	Ceardaíocht Comhlúthach €'000	Craenacha €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Sócmhainní atá á dtógáil (AUC) €'000	Iomlán €'000
Costas nó luacháil								
Ar an 1 Eanáir 2023	235,037	224,991	249,915	21,404	3,540	36,239	132,425	903,551
Breiseanna i rith na bliana	12,032	5,371	5,641	-	-	1,951	38,864	63,859
Lagú	-	-	-	-	-	-	(442)	(442)
Diúscairtí	-	-	-	-	-	(290)	-	(290)
Aistriú ó AUC	10,737	1,313	72,384	-	3	33	(84,470)	-
Amhail an 31 Nollaig 2023	257,806	231,675	327,940	21,404	3,543	37,933	86,377	966,678
Dímheas Carntha								
Ar an 1 Eanáir 2023	29,245	99,082	48,091	7,999	3,404	21,011	-	208,832
Muirear don bhliain	3,592	3,255	7,089	710	9	2,062	-	16,717
Diúscairtí	-	-	-	-	-	(290)	-	(290)
Amhail an 31 Nollaig 2023	32,837	102,337	55,180	8,709	3,413	22,783	-	225,259
Glanluach de réir na Leabhar								
Ar an 1 Eanáir 2023	205,792	125,909	201,824	13,405	136	15,228	132,425	694,719
Amhail an 31 Nollaig 2023	224,969	129,338	272,760	12,695	130	15,150	86,377	741,419

Chinn an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am costas na sócmhainní a fuarthas ar an Lá Dílsithe, 3 Márta 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 mar chomaoín ar scaireanna a eisíodh.

Áirítear le costais na sócmhainní seasta ús carnach caipitlithe de €8.2m (2022: €7.6m).

In 2023 aithníodh brabús €75,000 (2022: cailteanas €141,000) ar dhiúscairt/díscríobh sócmhainní inláimhsithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

12. Réadmhaoin infheistíochta

Léiríonn an réadmhaoin infheistíochta leas 50% i réadmhaoin ruilse agus rinne Lisney luacháil neamhspleách uirthi amhail an 31 Nollaig 2023 ar bhonn luachála ar an margadh oscailte. Léirigh an luacháil tuairim an luachálaí ar luach margaidh an 31 Nollaig 2023 agus ullmhaíodh í de réir Luacháil RICS – Caighdeán Dhomhanda (lena n-áirítear na Caighdeán Luachála Idirnáisiúnta) a d'fhoilsigh Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte i mí Iúil 2017. Thug an luachálaí faoi deara go bhfuil luachanna faoi réir athruithe mar gheall ar choigeartuithe margaidh agus fachtóirí eile, agus go bhféadfadh luachanna sa todhchaí a bheith níos airde nó níos ísle ná mar a bhí ar an dáta luachála. Tháinig caillteanas luach cóir de €1.3m chun cinn in 2023 (2022: €0.85m). Déantar aon chaillteanas/barrachas a eascraíonn as an athluacháil seo a mhuirearú/a chreidiúnú don ghluaiseacht luacha chóir ar líne theorann infheistíochta an chuntais Brabúis agus Caillteanais.

	2023 €'000
Ar an 1 Eanáir 2023	8,315
Gluaiseacht luacha chóir	(1,315)
Amhail an 31 Nollaig 2023	7,000

13. Sócmhainní doláimhsithe

	2023 €'000
Costas nó luacháil	
Ar an 1 Eanáir 2023	1,853
Breiseanna i rith na bliana	198
Amhail an 31 Nollaig 2023	2,051
Amúchadh Carntha	
Ar an 1 Eanáir 2023	1,524
Muirear don bhliain	92
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,616
Glanluach de réir na Leabhar	
Ar an 1 Eanáir 2023	329
Amhail an 31 Nollaig 2023	435

Cuimsíonn sócmhainní doláimhsithe bogearraí ríomhaireachta a forbraíodh go seachtrach agus a amúchtar thar a saolta úsáideacha measta ag baint úsáide as an modh líne dírlí. Tosaíonn an t-amúchadh nuair atá an tsócmhainn réidh don úsáid a ceapadh di.

68 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

14. Talamh Forbraíochta Infhaighte

Rinne an Comhlacht Comhaontú Forbartha dar dáta 6ú Iúil 1999 le Pointe Thoir an Iarla agus an Pointe Thoir (Forbairt) Dhá Teo. (“an Forbróir”) d’fhorbairt ina bhfuil thart ar 14 acra talún tadhlaigh le Céim I Forbartha Pháirc Ghnó an Phointe Thoir.

Ar an 31 Nollaig 2023, tá infháltas de €1.246m fós gan íoc (2022: €1.246m) a bhaineann leis na trí shuíomh deiridh talún (ina bhfuil thart ar 6 acra talún) atá faoi réir an tsocráithe seo. Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil luach tugtha anonn an infhaighte seo inghnóthaithe go hiomlán ar an 31 Nollaig 2023.

Chomh maith leis an gcomaoin as an talamh a dhíoltar, tá an Comhlacht i dteideal comaoine breise a ríomhtar bunaithe ar sciar den ghlanbhrabús a réadaíodh ar dhíol na réadmhaoine forbartha ag an Pointe Thoir (Forbairt) Dhá Teo.

Aithneofar an chomaoin faoin gcomhaontú seo sna ráitis airgeadais sa tréimhse inar féidir le Comhlacht Chalafort Átha Cliath é a chinneadh. Ní bhfuarthas aon chomaoin i rith na bliana. In 2022 fuarthas agus aithníodh €10m sa chuntas Brabúis agus Cailiteanais i Míreanna Eisceachtúla.

Tá an Comhlacht i mbun cainteanna leis an bhForbróir faoi láthair d’fhonn an fráma ama a thabhairt chun críche chun an chomaoin a fháil maidir le talamh agus uainiú agus candam aon chomaoin bhreise a bheidh le fáil ar dhíolachán deiridh na réadmhaoine ábhartha.

15. Fardail

	2023 €’000	2022 €’000
Earraí intomhalta	875	709

Sonraítear fardail tar éis forálacha do lagú Nialas (2022: €26k).

16. Féichiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d’aon bhliain amháin

	2023 €’000	2022 €’000
Féichiúnaithe trádála	13,136	13,064
Ioncam fabhráithe	2,564	3,592
CBL	217	293
Aisiócaíochtaí méideanna pinsin atá dlite ón scéim pinsean	5,114	2,472
Cáin Chorparáide	859	760
Méideanna infhála eile	677	693
	22,567	20,874

Sonraítear féichiúnaithe trádála tar éis forálacha do lagú de €136k (2022: €129k).

17. Sócmhainn phinsin shochair shainithe (dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

	2023 €'000	2022 €'000
Glansócmhainn pinsin le sochar sainithe (<i>féach nóta 31</i>)	52,781	57,869
	52,781	57,869

18. Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2023 €'000	2022 €'000
Creidiúnaithe trádála	3,750	835
Fabhruithe	7,716	12,383
Íasachtaí Bainc (<i>féach nóta 20</i>)	5,263	5,263
Ioncam iarchurtha (<i>féach ar nóta 21</i>)	4,719	4,156
Cáin Siarchoinneála/Cáin Chonarthaí Iomchuí as Seirbhísí Gairmiúla	163	552
Cáin ioncaim arna déaduchtú faoi ÍMAT	494	576
Cáin Chorparáide	-	130
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	170	162
	22,275	24,057
Creidiúnaithe um chánachas agus leas sóisialta curtha san áireamh thuas	827	1,420

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí atá romhainn de réir gnáth-théarmaí creidmheasa agus gnáth-théarmaí creidmheasa na soláthraithe.

Bíonn cáin agus árachas sóisialta iníoctha ar dhátaí éagsúla i gcaitheamh na míonna atá le teacht i gcomhréir leis na forálacha reachtúla is infheidhme.

19. Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam iarchurtha – deontais (<i>féach nóta 21</i>)	11,263	11,712
Íasachtaí Bainc (<i>féach nóta 20</i>)	72,369	77,632
Bannaí Sinsearacha Neamhurraithe Aicme (<i>féach nóta 20</i>)	300,000	300,000
	383,632	389,344

70 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

20. Iasachtaí agus Fiacha

	2023 €'000	2022 €'000
Iasachtaí iomlána	377,632	382,895
	377,632	382,895
Tá na hiasachtaí seo inaisíoctha sna tréimhsí seo a leanas tar éis dheireadh na bliana:		
I mbliain amháin nó níos lú	5,263	5,263
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	5,263	5,263
Idir trí agus cúig bliana	29,428	15,790
I níos mó ná cúig bliana	337,678	356,579
	377,632	382,895
Iasachtaí fadtéarmacha bainc	77,632	82,895
Bannaí Sinsearacha Aicme A Neamhurráithe	300,000	300,000
	377,632	382,895

Saoráid chreidmheasa imrothlaigh:

Tá comhaontú saoráide creidmheasa imrothlaigh €50 milliún ag an gComhlacht le Banc-Aontas Éireann, cpt. (le Banc Uladh DAC ar dtús agus aistríodh faoi na téarmaí céanna). Bhí an áis seo neamhtharraingthe ag deireadh na bliana agus tá sé dlite le haisíocaíocht iomlán (má tarraingíodh é) i mí an Mhárta 2024. Tá an áis neamhtharraingthe go dtí seo. Rachaidh an tsaoráid in éag i mí an Mhárta 2024, agus tá sé beartaithe dul chun an mhargaidh le haghaidh saoráid athsholáthair i rith na bliana.

Tá an ráta úis ar an iasacht athraitheach ar bhonn an EURIBOR agus ar an gcorrlach is infheidhme. Níl aon urrús inláimhsithe ag Banc-Aontas Éireann, cpt ar an áis seo.

Iasachtaí fadtéarmacha bainc:

I mí na Nollag 2015 rinne an Comhlacht Conradh Airgeadais leis an mBanc Eorpach Infheistíochta maidir le saoráid airgeadais tionscadail €100m. Tá an áis seo ar feadh téarma 20 bliain a tarraingíodh anuas go hiomlán. Ba é an t-iarmhéid gan íoc ar an 31 Nollaig 2023 ná €77.6m (2022: €82.9m).

Bannaí Sinsearacha Aicme A Neamhurráithe:

I mí na Nollag 2019 d'eisigh an Comhlacht bannaí sinsearacha neamhurráithe €300m do raon infheisteoirí institiúideacha. Eisítear na bannaí seo ar ráta seasta (ráta úis seasta: 2.406%) in airgeadra an Euro agus tá siad liostaithe ar an Margadh Malairte Domhanda de Euronext Dublin. Is é Meán Fómhair 2049 dáta aibíochta deiridh na mbannaí. Ar 31 Nollaig 2023, tá €300 milliún de bhannaí neamhurráithe tarraingthe anuas (2022: €300 milliún). Is é 2028 an chéad bhliain d'aisíoc príomhshuime an bhanna agus tá sé iníoctha i dhá thráthchuid chothroma is fiche gach bliain go dtí aibíocht.

Tá coinníollacha ag na bannaí sinsearacha agus saoráidí eile a éilíonn ar an gComhlacht cúnaint áirithe a choinneáil. Ar 31 Nollaig 2023, tá ceanglais uile an chúnaint á gcomhlíonadh go hiomlán ag an gComhlacht.

21. Ioncam Iarchurtha

	2023 €'000	2022 €'000
Deontais agus ranníocaíochtaí i dtreo sócmhainní seasta		
Iarmhéid Tosaigh	12,167	12,609
Faighte le linn na bliana	-	12
Amúchta chuig an gCuntas Brabúis agus Cailteanais i rith na bliana	(452)	(454)
	11,715	12,167
Iarmhéid Deiridh na nDeontas Caipitil		
Ioncam Cíosa Iarchurtha	4,267	3,701
Iomlán an Ioncaim Iarchurtha	15,982	15,868
Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin (<i>féach nóta 18</i>)	4,719	4,156
Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin (<i>féach nóta 19</i>)	11,263	11,712
	15,982	15,868

Maidir le deontais chaipitiúla arna bhfáil ó údaráis éagsúla i dtaobh caiteachais chaipitil arna bhfulaingt déantar iad a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an gCuntas Brabúis agus Cailteanais iad i gcaitheamh shaol úsáideach measta na sócmhainní ábhartha.

22. Soláthairtí le haghaidh Dliteanas

Bhí na dliteanais chánach iarchurtha seo a leanas ag an gComhlacht i rith na bliana:

	2023 €'000	2022 €'000
Ar 1 Eanáir	(16,917)	(16,123)
Breiseanna ar déileáladh leo i mBrabús agus Cailteanas	(1,669)	(146)
Breiseanna ar déileáladh leo in Ioncam Cuimsitheach Eile	940	(648)
	(17,646)	(16,917)
	2023	2022
	€'000	€'000
Léirithe mar:		
Dlíteanais chánach iarchurtha laistigh de fhorálacha do dhliteanais	(17,646)	(16,917)
Cuimsíonn an soláthar do cháin iarchurtha na cáin iarchurtha (dlíteanais)/sócmhainní seo a leanas:		
	2023	2022
	€'000	€'000
Scéim pinsin le sochar sainithe	(6,598)	(7,234)
Difríochtaí uainiúcháin eile	44	44
Liúntais chaipitiúla luathaithe	(11,092)	(9,727)
	(17,646)	(16,917)

Níor aithníodh sócmhainní cánach iarchurtha de €0.3m (2022) maidir le cailteanais chaipitiúla ar an mbonn nach bhfuil aon dóchúlacht ann go n-aisghabhfar an sochar ó na cailteanais chánach seo.

72 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

23. Scairchaipiteal agus Cúlchistí

	2023 €'000	2022 €'000
Údaraithe		
96.5m (2022: 96.5m) gnáthscaireanna de €1.25 an ceann	120,625	120,625
Cionroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán - léirithe mar chothromas		
11.571m (2022: 11.571m) gnáthscaireanna de €1.25 an ceann	14,464	14,464

Tá aicme amháin gnáthscaireanna ann. Níl aon srianta ar dháileadh díbhinní ná aisíoc caipitil. Tá cearta vótála comhionanna agus díbhinní ranga ag gabháil le gach scair sa mhéid is go bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

Cúlchistí

Tá an t-iarmhéid oscailte, an t-iarmhéid deiridh agus na gluaiseachtaí ar gach cúlchiste leagtha amach sa Ráiteas faoi Athruithe ar Chochothromas. Tá cur síos ar gach cúlchiste tugtha thíos.

Scairchaipiteal glaoite

Cuimsíonn scairchaipiteal údaraithe an Chomhlachta, gnáthscaireanna.

Cúlchiste um thiontú caipitil

Athainmníodh gnáthscaireanna an Comhlachta ó €1.269738 an ceann go €1.25 an ceann i 2001 agus aistríodh an méid ar laghdáíodh scairchaipiteal eisithe an Comhlachta go dtí ciste ar a dtugtar an Cúlchiste um thiontú Caipitil.

	2023 €'000	2022 €'000
Cúlchiste um thiontú caipitil	119	119

Cuntas brabúis agus cailteanais

Léiríonn an Cuntas Brabúis agus Cailteanais na gnóthachain agus na cailteanais carntha a aithnítear sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais, glan ar aistrithe chuig/ó chúlchistí eile, agus díbhinní a íocadh.

Ranniocaíocht chaipitiúil

An 12 Iúil 2011, mar a cheadaítear leis na hAchtanna Cuanta, 1996 go 2009, d'ordaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go n-aistreofaí feidhmeanna Chomhlachta Chalafoirt Dhún Dealgan chuig an gComhlacht. Tá na sócmhainní agus na dliteanais arna nglacadh ag an gComhlacht mar thoradh ar an Ordú Aireachta seo taifeadta ag luachanna córa ag an dáta sin. Aithníodh méid comhfhreagrach mar Ranniocaíocht Chaipitil i gCistí Scairshealbhóirí a léiríonn go meastar gur ranniocaíocht ó phríomhscairshealbhóirí an Chomhlachta iad na sócmhainní a fuarthas agus na dliteanais a ghlactar leo.

	2023 €'000	2022 €'000
Ranniocaíocht chaipitiúil	718	718

24. Nóta leis an ráiteas ar shreabhadh airgid

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Brabús don bhliain airgeadais		29,494	41,337
Cáin ar bhrabús	10	5,525	7,175
Míreanna Eisceachtúla	8	-	(10,000)
Glanchoistas Úis	6	3,663	5,680
		38,682	44,192
Brabús Oibriúcháin			
Amúchadh deontas caipitiúil	21	(452)	(454)
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	11	16,717	14,511
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	13	92	108
Gluaiseacht luacha chóir ar mhaoin infheistíochta (Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní	12	1,315	850
Lagú sócmhainní inláimhsithe	11	(75)	141
(Méadú) i bhfardail		442	-
(Méadú) ar fhéichiúnaithe		(166)	(71)
Méadú ar chreidiúnaithe		(1,594)	(5,273)
Athrú maidir le soláthar pinsin		558	3,175
		12	663
		55,531	57,842

25. Ceangaltais

Ar 31 Nollaig, bhí na ceangaltais chaipitil seo a leanas ag an gComhlacht:

	2023 €'000	2022 €'000
Caiteachas caipitil sa todhchaí nach ndearnadh foráil dó		
Conradh déanta dó	42,152	42,514
Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan conradh déanta dó	-	-
	42,152	42,514

26. Léasaithe Oibriúcháin an Léasóra

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta oibriúcháin iomlána infhaighte faoi léasanna oibriúcháin neamh-incháilithe:

	2023 €'000	2022 €'000
Talamh		
Bliain amháin	12,887	12,219
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	41,341	40,834
Níos mó ná cúig bliana	253,638	248,574
	307,866	301,627

Thuill an Comhlacht €17.4m (2022: €15.7m) ó ioncam cíosa don bhliain. Léiríonn na méideanna thuas ioncam cíosa infhaighte amach anseo thar shaolré nó suas go dtí an chlásal briseadh tosaigh de na comhaontuithe léasa oibriúcháin atá i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2023.

74 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

27. Ionstraimí Airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais seo a leanas ag an gComhlacht:

	2023 €'000	2022 €'000
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad atá tomhaiste ar chostas amúchta:		
Féichiúnaithe trádála (lena n-áirítear ioncam fabhráithe)	15,700	16,656
Méideanna infhála eile	677	693
	16,377	17,349
Airgead sa bhanc agus ar láimh	199,516	227,881
Dlíteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta:		
Íasachtaí bainc	77,632	82,895
Bannaí Sinsearacha Aicme A Neamhurraithe	300,000	300,000
Creidiúnaithe trádála	3,750	835
	381,382	383,730

28. Luach Saothair na Stiúrthóirí

	2023 €'000	2022 €'000
Luachanna Saothair	445	396
Ranníocaíochtaí le scéimeanna sochair scoir		
- Sochar sainithe	66	85
Pá de réir feidhmíochta don iar-Phríomhfheidhmeannach íoctha ag an gComhlacht	415	-

Tá sochair scoir á bhfabhrú chuig beirt Stiúrthóirí (2022) faoi scéimeanna sochair shainithe.

Ní ghlacann na Stiúrthóirí páirt in aon scéimeanna dreasachta fadtéarmacha, ná níl aon leasanna cothromais acu sa Chomhlacht.

Mar a tugadh faoi deara i nóta 7, tar éis comhaontú socraíochta Ard-Chúirte ar thángthas air in 2023, bhí oibleagáid ar an gComhlacht íocaíochtaí áirithe a bhain le feidhmíocht arbh ionann, €415k a dhéanamh le iar-Phríomhfheidhmeannach as seirbhísí a soláthraíodh le linn a théarma oifige ó 2010 go 2022. Tá sé seo léirithe thuas laistigh de "Pá a bhaineann le feidhmíocht don iar-Phríomhfheidhmeannach a d'íoc an Comhlacht".

28. Luach Saothair na Stiúrthóirí (ar lean):

San áireamh sa mhéid thuas tá pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh déanta suas mar seo a leanas:

	2023 €'000	2022 €'000
Táillí Stiúrthóra	-	8
Tuarastal	210	162
Sochair eile a chuimsíonn Costais Phinsin agus Sochair Inchánach	53	61
	263	231
Táillí na Stiúrthóirí		
	2023 €	2022 €
J Grant	21,600	21,600
E O'Reilly	-	8,440
M Brophy	12,600	9,476
D Cronin	12,600	11,720
G Darling	-	6,852
B Grist	12,600	11,720
M Hand	12,600	12,600
K Nolan *	-	9,407
B Power *	12,600	2,727
J Kelly **	-	3,150
	84,600	97,692

* Chomh maith le táillí na Stiúrthóirí, íocadh an tUasal Nolan agus an tUasal Power mar fhostaithe Chomhlacht Chalaíort Átha Cliath.

** Cheap an Bord an tUasal Kelly in 2021 chun gníomhú mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtí go líonfaí folúntas a bhí cheana féin ar an mBord.

Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Taispeántar thíos an cúiteamh a íocadh nó atá iníoctha leis an bpríomhbhainistíocht:

	2023 €'000	2022 €'000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	2,084	1,912
Sochair iarfhostaíochta	333	344
	2,417	2,256

Léiríonn na príomhshuímeanna cúitimh bainistíochta a nochtar, cúiteamh do na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as gníomhaíochtaí an Chomhlachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear ar na príomhphearsanra bainistíochta Baill an Bhoird agus baill den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin. Tá ÁSPC an fhostóra san áireamh sna méideanna a luaitear thuas.

76 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

29. Fostaithe

	2023 €'000	2022 €'000
Cuimsíonn costais foirne:		
Pá agus tuarastail	13,586	12,358
Liúntais	451	420
Ragobair	561	557
Costais árachais shóisialaigh	1,518	1,333
Scaoilíocaíochtaí	367	-
	16,483	14,668
Costais phárolla caipitlithe	(1,410)	(1,246)
	15,073	13,422
Costais phinsin eile - Scéimeanna le Sochair Sainithe (<i>féach nóta 31</i>)	480	1,162
Costais phinsin eile - Scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe (<i>féach nóta 31</i>)	1,322	1,103
	16,875	15,687

As na costais foirne iomlána rinneadh €1,410,000 (2022: €1,246,000) a chaipitliú isteach i sócmhainní seasta inláimhsithe agus déileáladh le €16,875,000 (2022: €15,687,000) mar speansas sa chuntas Brabúis agus Cailteanais.

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gComhlacht i rith na bliana ná 150 (2022: 150).

Sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe

€	2023 Líon na bhfostaithe sa ghrúpa	2022 Líon na bhfostaithe sa ghrúpa
50,000 – 74,999	41	60
75,000 – 99,999	53	46
100,000 – 124,999	22	19
125,000 – 149,999	15	10
150,000 – 174,999	8	2
175,000 – 199,999	3	4
> 200,000	1	-

Áirítear le sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

30. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir FRS102 tá an Comhlacht díolmhaithe ó nochtadh idirbhearta le haonáin eile faoi úinéireacht an stáit. Mar a dúradh i nóta 1, tá gnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile i seilbh an Aire Iompair amhail an 31 Nollaig 2023.

I rith na bliana fuarthas seirbhísí arbh fhiú €9,562 iad ó Certification Europe (2022: €6,594). Tá Michael Brophy, Stiúrthóir Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ina Stiúrthóir ar Certification Europe freisin.

Ní dhearna aon bhall Boird, a d'fhéachfaí air mar pháirtí gaolmhar, nó baill den phríomhfhoireann bhainistíochta aon idirbhearta ábhartha leis an gComhlacht i rith na bliana.

Mar a luadh i nóta 16, tá €5.1m dlite don Chomhlacht ó na cistí pinsin (2022: €2.5m).

31. Sochair iarfhostaíochta

Feidhmíonn an Comhlacht trí scéim phinsin shochair shainithe ghníomhacha agus scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe. Ar an 1 Eanáir 2005 dúnadh na scéimeanna sochair sainithe d'iontrálaithe nua.

I. Scéim Ranníocaíochta Sainithe

Tá fostaithe a tháinig isteach sa Chomhlacht tar éis 1 Eanáir 2005 ina mbaill den scéim ranníocaíochtaí sainithe. Íocann na comhaltaí agus an Comhlacht na ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. I rith na bliana chuir an Comhlacht €1,322k (2022: €1,103k) leis an scéim ranníocaíochta sainithe agus cuireadh an méid sin de mhuirear ar an gcuntas Brabúis agus Cailteanais. Is é iontaobhas Pinsean na hÉireann Teoranta, Comhlacht iontaobhais ghairmiúil neamhspleách, an t-aon iontaobhaí ar an scéim ranníocaíochtaí sainithe.

II. Scéimeanna Sochair Sainithe

a) Feidhmíonn an Comhlacht trí scéim ghníomhacha pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastail inphinsin deiridh d'fhostaithe incháilithe, lena n-áirítear fostaithe agus iarfhostaithe Comhlacht Chalafort Dhún Dealgan agus eintiteas réamhtheachtaí an Comhlacht, Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Is iad iontaobhaithe a riarann gach scéim sochair shainithe. Is iad na scéimeanna gníomhacha "Ciste Aoisliúntais Chalafort Átha Cliath 1996", "Ciste Aoisliúntais Píolótaí Comhlacht Chalafort Átha Cliath", agus "Scéim Pinsin Comhlacht Chalafort Átha Cliath d'Iarfhostaithe Comhlacht Chalafort Dhún Dealgan".

Le linn 2023, thug an Comhlacht fógra d'iontaobhaithe scéim Sochair Scoir Phríomhfheidhmeannach Chomhlacht Chalafort Átha Cliath go raibh sí ag cur deireadh le ranníocaíochtaí leis an scéim le héifeacht ón 31 Iúil 2023 agus ní ghlacfar le haon dliteanas eile chun ranníoc leis an scéim tar éis an dáta sin. Ina dhiaidh sin chuir iontaobhaithe na scéime tús le foirceannadh na scéime. Mar sin, amhail an 31 Nollaig 2023, mhúchadh na dliteanais go léir agus dáileadh na sócmhainní go léir.

Ceapann an Comhlacht agus comhaltaí na scéime iontaobhaithe Chiste Aoisliúntais Chalafort Átha Cliath 1996. Reáchtáladh an toghchán iontaobhaí ball is déanaí do Chiste Aoisliúntais Chalafort Átha Cliath 1996 in 2023 agus dhaingnigh an Bord ag an gcruinniú a bhí aige ar an 8 Nollaig 2023 ceapadh ceathrar iarrthóirí. Chomh maith leis na ceithre chomhalta iontaobhaithe, cheap an Comhlacht ceathrar iontaobhaithe eile freisin.

Is é iontaobhas Pinsean na hÉireann Teoranta, Comhlacht iontaobhais ghairmiúil neamhspleách, an t-aon iontaobhaí ar an dá scéim eile.

Níl aon scéimeanna neamhchistithe i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2023 nó 31 Nollaig 2022.

78 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

31. Sochair iarfhostaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

b) Luacháil Achtúireach

Déantar seasamh maoinithe na dtrí scéim sochair shainithe ghníomhacha a mheasúnú de réir chomhairle achtúirí neamhspleácha. Déantar an seasamh maoinithe a mheasúnú go foirmiúil gach trí bliana.

Tá sé ar intinn ag an gComhlacht ranníocaíochtaí molta a dhéanamh leis na trí scéim ghníomhacha de réir na moltaí atá leagtha amach ag na hachtúirí sna tuarascálacha achtúireacha ábhartha do gach scéim.

Ullmhaíodh na tuarascálacha luachála achtúireacha is déanaí maidir leis na trí scéim ghníomhacha sochair shainithe ar 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir 2022. Chríochnaigh Mercer na tuarascálacha, nach oifigigh ná fostaithe de chuid an Chomhlachta iad. Tá na tuarascálacha luachála ar fáil lena n-íniúchadh ag baill na scéime ach ní féidir iad a scrúdú ag an bpobal. Tá na chéad tuarascálacha luachála eile le haghaidh na scéimeanna is mó le hullmhú amhail an 1 Eanáir 2024.

c) FRS 102 “Sochair Fhostaí”

Tá oibleagáidí sochair shainithe an Chomhlachta luacháilte ag achtúirí neamhspleácha chun críocha FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2023. Ullmhaíodh an luacháil agus úsáid á baint as modh luachála achtúirí ar a dtugtar modh “na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa”. Ós rud é go bhfuil na scéimeanna dúnta d’iontrálaithe nua, tá próifíl aoise na scéime ag dul in airde agus mar sin faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta rachaidh an costas reatha seirbhíse i méid de réir mar a bhogann baill den scéim i dtreo scoir.

Boinn Tuisceana Airgeadais:

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana airgeadais chun na hoibleagáidí sochair (dliteanais) a ríomh faoi alt de FRS 102 ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

	31 Nollaig 2023	31 Nollaig 2022
Ráta úis arna chur i bhfeidhm ar oibleagáidí sochair ar lascaine	3.50%	4.20%
Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar thuarastail	4.0% do 2024, 2.5% do 2025-2028, 3.25% ina dhiaidh sin	4.0% do 2023, 3.0% do 2024-2026, 3.50% ina dhiaidh sin
Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar phinsin arna n-ioc	2.25%	2.50%
Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe arna gcur siar	2.25%	2.50%
ITB/ Boilsciú	2.25%	2.50%

Socraítear an ráta lascaine a úsáidtear chun an dliteanas pinsin a ríomh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar dháta an Chláir Chomhardaithe ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán. Bíonn airgeadra agus téarma na mbannaí corparáide ar aon dul le hairgeadra agus téarma measta na n-oibleagáidí sochair. Ag féachaint do thréimhse na n-oibleagáidí sochair scéime, glacadh le ráta lascaine 3.5% amhail an 31 Nollaig 2023.

31. Sochair iarfhostaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

Toimhdí Déimeagrafacha:

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le hionchas saoil/bás do chomhaltaí ag am scoir leagtha amach thíos:

	2023		2022	
	Blianta Fir	Blianta Mná	Blianta Fir	Blianta Mná
Baill reatha ag 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois)	24.7	26.6	24.7	26.5
Pinsinéirí reatha ag 65 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois)	22.6	24.3	22.6	24.3

Sócmhainní Scéime:

Ba é leithdháileadh infheistíochta na sócmhainní ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

Aicme Sócmhainne

	Comhréir shócmhainní na Scéime amhail an 31 Nollaig 2023	Comhréir shócmhainní na Scéime amhail an 31 Nollaig 2022
Bannaí	96.02%	90.94%
Cothromas	4.96%	10.11%
Eile	(0.98%)	(1.05%)
	100.0%	100.0%

Faoi FRS102, socraítear an toradh ionchais ar shócmhainní cothrom leis an ráta lascaine.

Ba é luach cóir na sócmhainní pinsin ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

	Luach cóir amhail an 31 Nollaig 2023 €'000	Luach cóir amhail an 31 Nollaig 2022 €'000
Bannaí	222,266	207,628
Cothromas	11,477	23,075
Eile	(2,264)	(2,390)
Luach Cóir iomlán Sócmhainní	231,479	228,313

80 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

31. Sochair iarfhostaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear sa ráiteas ar an staid airgeadais:

	31 Nollaig 2023 €'000	31 Nollaig 2022 €'000
Luach cóir na sócmhainní scéime	231,479	228,313
Oibleagáid sochair sainithe	(178,698)	(170,444)
Glansócmhainn shochair shainithe	52,781	57,869
Léirithe i ráitis airgeadais mar seo a leanas:		
Sócmhainn phinsin shochair shainithe (dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin) (féach nóta 17)	52,781	57,869

Anailís ar na méideanna curtha san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais:

	2023 €'000	2022 €'000
Costas (gan ús san áireamh)		
Costas seirbhíse	(480)	(1,162)
Glanioncam/(costas) úis		
Ioncam úis ar shócmhainní scéime	9,413	3,778
Ús ar oibleagáidí sochair scéimeanna pinsin	(6,967)	(3,089)
Glanioncam úis	2,446	689
Ioncam/(costas) iomlán	1,966	(473)

31. Sochair iarfhóstaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

Anailís ar na méideanna atriailta a aithnítear in Ioncam Cuimsitheach Eile:

	2023 €'000	2022 €'000
Toradh ar shócmhainní plean (gan ioncam úis san áireamh)	4,086	(61,698)
Éifeacht choigeartuithe taithí	(2,397)	(549)
Éifeacht athruithe ar bhoinn tuisceana	(9,211)	67,432
Atomhais iomlána san áireamh i (gcostas)/Ioncam Cuimsitheach Eile	(7,522)	5,185

Gluaiseacht sócmhainní scéime agus oibleagáidí sochair

	Sócmhainní €'000	Oibleagáidí sochair €'000	Glanbh- arrachas €'000
Ar an 1 Eanáir 2022	295,007	(242,349)	52,658
Costas reatha seirbhíse	-	(1,162)	(1,162)
Costas iarsheirbhíse	-	-	-
Ús ar oibleagáidí sochair scéime	-	(3,089)	(3,089)
Ioncam úis ar shócmhainní scéime	3,778	-	3,778
Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh)	(61,698)	-	(61,698)
Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe taithí	-	(549)	(549)
Atomhas mar thoradh ar athrú ar bhoinn tuisceana	-	67,432	67,432
Ranníocaíochtaí ball	213	(213)	-
Sochair arna n-íoc ón scéim	(9,486)	9,486	-
Ranníocaíochtaí fostóra	499	-	499
Amhail an 31 Nollaig 2022	228,313	(170,444)	57,869

82 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

31. Sochair iarfhostaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

Gluaiseacht sócmhainní scéime agus oibleagáidí sochair

	Sócmhainní €'000	Oibleagáidí sochair €'000	Glanbh- arrachas €'000
Ar an 1 Eanáir 2023	228,313	(170,444)	57,869
Costas reatha seirbhíse	-	(480)	(480)
Costas iarsheirbhíse	-	-	-
Ús ar oibleagáidí sochair scéime	-	(6,967)	(6,967)
Ioncam úis ar shócmhainní scéime	9,413	-	9,413
Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh)	4,086	-	4,086
Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe taithí	-	(2,397)	(2,397)
Atomhas mar thoradh ar athrú ar bhoinn tuisceana	-	(9,211)	(9,211)
Ranníocaíochtaí ball	190	(190)	-
Sochair arna n-íoc ón scéim	(10,991)	10,991	-
Ranníocaíochtaí fostóra	468	-	468
Amhail an 31 Nollaig 2023	231,479	(178,698)	52,781

Tá an Comhlacht ag súil le €0.5 milliún a ranníoc leis na scéimeanna pinsin in 2024.

Ba é an toradh ar shócmhainní plean:

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam Úis	9,413	3,778
Toradh ar shócmhainní plean lúide ioncam úis	4,086	(61,698)
Tuairisceán ar Shócmhainní an Plean	13,499	(57,920)

31. Sochair iarfhostaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

Anailís Íogaireachta ar oibleagáidí Sochair Scéime:

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair shainithe maidir le hathruithe ar na boinn tuisceana ionchas saoil leagtha amach thíos:

	2023 Bonn tuisceana atá ann	2023 Básmh- aireacht +1 Bliain rátáil aoise	2023 Básmh- aireacht -1 Bliain rátáil aoise
Oibleagáidí sochair (€'000)	178,698	172,412	185,035
Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000)		(6,286)	6,337
% athrú (mar % den mhéid tosaigh)		(3.5%)	3.5%

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair shainithe maidir le hathruithe ar an ráta lascaine leagtha amach thíos:

	2023 Bonn tuisceana atá ann	2023 -0.25%	2023 +0.25%
Ráta Lascaine	3.50%	3.25%	3.75%
Oibleagáidí sochair (€'000)	178,698	184,193	173,475
Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000)		5,495	(5,223)
% athrú (mar % den mhéid tosaigh)		3.1%	(2.9%)

84 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ar lean)

31. Sochair iarfhóstaíochta (ar lean)

II. Scéimeanna Sochair Shainithe (ar lean)

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair shainithe maidir le hathruithe ar an ráta boilscithe leagtha amach thíos:

	2023 Bonn tuisceana atá ann	2023 +0.25%
Boilsciú	2.25%	2.50%
Oibleagáidí sochair (€'000)	178,698	183,433
Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000)		4,735
% athrú (mar % den mhéid tosaigh)		2.6%

Inghnóthaitheacht Scéim Pinsin:


Soiléirítear i Rialachán 14 de Choiste Léirmhíne na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC 14) conas ba cheart an síleáil sócmhainní a chur i bhfeidhm, go háirithe an chaoi a n-idirghníomhaíonn sé le rialacha áitiúla maoinithe íosta. De réir cheanglais léirmhíne FRS 102, Alt 28.22 agus IFRIC 14 tá measúnú déanta chun a fháil amach cé chomh mór agus is féidir leis an gComhlacht an barrachas sna scéimeanna a ghnóthú trí ranníocaíochtaí laghdaithe amach anseo nó trí aisíocaíochtaí ó na scéimeanna. Bunaithe ar an measúnú seo, tá sé de cheart ag an gComhlacht ranníocaíochtaí laghdaithe do na scéimeanna amach anseo, nó nuair a fhoirceanntar na scéimeanna agus gur cuí aitheantas a thabhairt do bharrachas na scéimeanna.

32. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe

Níor tharla aon imeachtaí idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais, a d'éileodh coigeartú ar na ráitis airgeadais nó aon nochtadh breise.

33. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 28 Márta 2024.







Staitisticí Calafoirt (gan iniúchadh)

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 mar aon le figiúirí comparáideacha don bhliain 2022.

Chun críocha comparáide, clúdaíonn an staidreamh neamhniúchta a atáirgeadh thíos an trádáil do Chomhlacht Chalafort Átha Cliath do na blianta féilire 2020 – 2023.

	2023	2022	2021	2020
Soithí – Teacht lomlán	7,228	7,473	7,253	7,282
Tréachur ('000 olltona)				
Allmhairí/Onnmhairí				
Allmhairí	21,701	22,234	21,217	21,714
Onnmhairí	13,930	14,519	13,723	15,150
Iomlán	35,631	36,753	34,940	36,864
Ró-Ró	21,514	22,341	21,053	23,877
LóLó	7,342	7,557	7,907	7,126
Bulcleacht	4,708	4,715	3,938	3,871
Bulcsholad	2,022	2,076	1,973	1,957
Briseadh Builc	45	64	69	33
Iomlán	35,631	36,753	34,940	36,864
Méideanna aonadaithe				
Aonaid Ró-Ró	963,367	1,003,066	962,075	1,060,979
Aonaid LóLó	442,874	455,849	466,737	423,715
Iomlán na n-aonad	1,406,241	1,458,915	1,428,812	1,484,694
TEU LóLó	795,997	823,399	842,838	758,013
Feithiclí trádála	113,164	89,106	82,457	74,373
Paisinéirí farantóireachta	1,743,565	1,685,746	845,326	832,616
Feithiclí turasoíreachta	504,716	499,498	251,938	214,700

**Árthai -
Teacht Iomlán****Allmhairí Tréachur
(‘000 tona)****Onnmhairí Tréachur
(‘000 tona)****Líon Paisinéirí
(‘000)****RóRó Tréachur
(‘000 tona)****LóLó Tréachur
(‘000 tona)****Bulcleacht Tréachur
(‘000 tona)****Bulsholad Tréachur
(‘000 tona)****Toirteanna
Aontaithe Iomlán
na n-aonad
(‘000)**

88 Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra

Ag eáscú fhás
phríomhphort
na hÉireann



Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility





